AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 6.7.2011
COIM(2011) 402 leagan deireanach

2011/0187 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas

**(Athmhúnlú)**
**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

🡻717/2007 (oiriúnaithe)

2011/0187 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas**

**(Athmhúnlú)**
**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫ , agus go háirithe Airteagal ~~95~~ ⌦ 114 ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

⇩nua

(1) Rinneadh leasuithe substainteacha arís agus arís eile ar Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2007 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal[3]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

🡻717/2007 aithris 1 (oiriúnaithe)

(2) Is ábhar imní do ~~na húdaráis~~ ⌦ thomhaltóirí, d'údaráis ⌫ rialaitheacha náisiúnta, ~~agus do thomhaltóirí~~ agus ~~do na hinstitiúidí Comhphobail~~ ⌦ d'institiúidí an Aontais ⌫ ~~freisin~~, leibhéal ard na bpraghsanna ⌦ fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] IO C , , lch. .
[3] IO L 171, 29.6.2007, lch. 32.

⌫ a bhíonn iníoctha ag úsáideoirí líonraí poiblí teileafón soghluaiste, amhail mic léinn, taistealaithe gnó agus turasóirí, nuair a úsáideann siad a dteileafóin shoghluaiste agus iad ag taisteal ar an gcoigríoch laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫. Is ann do na muirir mhiondíola iomarcacha mar thoradh ar mhuirir mhórdhíola arda arna dtoibhiú ag oibreoir an líonra óstaigh choigríche agus freisin, i mórán cásanna, mar thoradh ar arduithe móra miondíola arna muirearú ag oibreoir líonra an chustaiméara féin. Is minic nach gcuirtear laghduithe ar mhuirir mhórdhíola ar aghaidh chuig an gcustaiméir miondíola. Cé go bhfuil roinnt oibreoirí tar éis scéimeanna taraifí a thabhairt isteach le gairid a thairgeann coinníollacha níos fabhraí agus praghsanna ⌦ pas beag ⌫ níos ísle do chustaiméirí, tá fianaise fós ann ~~nach~~ ⌦ go ⌫ bhfuil an gaol idir na costais agus na praghsanna ~~amhail agus~~ ⌦ an-difriúil leis an ngaol ⌫ a bheadh i réim i margaí ~~a bheadh go hiomlán iomaíoch~~ ⌦ iomaíocha ⌫.

---

↓717/2007 aithris 2

(3) Trí limistéar sóisialta, oideachais agus cultúrtha Eorpach bunaithe ar shoghluaisteacht daoine aonair a chruthú, ba chóir go n-éascófaí an chumarsáid idir dhaoine ionas go ndéanfaí forbairt iarbhír ar 'Eoraip do Shaoránaigh'.

---

↓717/2007 aithris 3 (oiriúnaithe)

(4) Maidir le Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara, agus maidir le hidirnasc a bheith eatarthu, (Treoir na Rochtana)[4], Treoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Údaraithe)[5], Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialúcháin coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Chreata)[6], Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (An Treoir um Sheirbhís Uilíoch)[7] agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (An Treoir um ~~phríobháideachas~~ ⌦ príobháideachas ⌫ agus cumarsáid leictreonach)[8] (dá ngairtear, agus iad a áireamh le chéile, 'creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach' anseo feasta), tá sé d'aidhm acu margadh inmheánach don chumarsáid leictreonach a chruthú ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a chinntiú trí iomaíocht fheabhsaithe.

---

↓717/2007 aithris 4 (oiriúnaithe)

(5) Ní beart aonarach ~~an Rialachán seo~~ ⌦ Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ⌫, ach, chomh fada agus a bhaineann le fánaíocht a dhéanamh ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, comhlánaíonn sé na rialacha dá bhforáiltear le creat rialúcháin 2002 don

---

4 IO L 108, 24.4.2002, lch. 7.
5 IO L 108, 24.4.2002, lch. 21.
6 IO L 108, 24.4.2002, lch. 33.
7 IO L 108, 24.4.2002, lch. 51.
8 IO L 201, 31.7.2002, lch. 37. ~~Treoir arna leasú le Treoir 2006/24/CE (IO L 105, 13.4.2006, lch. 54).~~

chumarsáid leictreonach, agus tá sé mar thaca leo. Níor tugadh, leis an gcreat sin, dóthain uirlisí do na húdaráis rialaitheacha náisiúnta chun gníomhú go héifeachtúil agus go cinntitheach maidir le praghsáil na seirbhísí fánaíochta ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, agus ar an dóigh sin ní éiríonn leis feidhmiú réidh an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí fánaíochta a áirithiú. Is meán cuí é ~~an Rialachán seo~~ ⌦ Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ⌫ chun an staid sin a chur ina cheart.

---

🡻717/2007 aithris 5 (oiriúnaithe)

(6) Déanann creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach leas a bhaint as an bprionsabal nár chóir oibleagáidí rialaitheacha ex ante a fhorchur ach amháin i gcás nach mbeidh iomaíocht éifeachtúil ann, agus foráiltear leis do phróiseas ina ndéanfaidh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta anailís mhargaidh agus athbhreithniú oibleagáidí go tréimhsiúil, as a leanfaidh forchur oibleagáidí ex ante ar oibreoirí a ainmneofar mar oibreoirí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu. Áirítear ar na heilimintí den phróiseas sin sainmhíniú ar na margaí ábhartha i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún~~[9]~~ maidir leis na margaí ábhartha táirgí agus seirbhísí laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a oirfeadh do rialáil ex ante i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE[10] (dá ngairtear 'an Moladh' anseo feasta), anailís ar na margaí sainmhínithe i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le hanailís mhargaidh agus measúnú ar chumhacht shuntasach sa mhargadh faoi chreat rialaitheach an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí[11], ainmniú oibreoirí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu agus forchur na n-oibleagáidí ex ante ar oibreoirí a ainmnítear amhlaidh.

---

🡻717/2007 aithris 6 (oiriúnaithe)
⇨nua

(7) ~~Aithnítear~~ ⌦ Aithníodh ⌫ sa Mholadh ⌦ gur margadh ábhartha a d'oirfeadh do rialáil ex ante é ⌫ an margadh náisiúnta mórdhíola i gcomhair fánaíochta idirnáisiúnta ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste ~~mar mhargadh ábhartha a d'oirfeadh do rialáil ex ante~~. Mar sin féin, tá léirithe ag an obair atá déanta ag na húdaráis rialaitheacha náisiúnta~~, (~~ina n-aonar agus laistigh de Ghrúpa na Rialtóirí Eorpacha~~)~~ ⌦ (ERG) agus dá chomharba Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], ⌫ ina n-anailís ar na margaí náisiúnta mórdhíola d'fhánaíocht idirnáisiúnta nár fhéad údarás rialaitheach náisiúnta go dtí seo dul i ngleic go héifeachtúil leis an leibhéal ard atá ag muirir mhórdhíola fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ mar gheall ar an deacracht a bhaineann le gnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu a aithint i bhfianaise imthosca sainiúla na fánaíochta idirnáisiúnta, lena n-áirítear a gcineál trasteorann. ⌦Tar éis do Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 teacht i bhfeidhm, baineadh an margadh fánaíochta as an Moladh leasaithe[13]. ⌫

---

9 ~~IO L 114, 8.5.2003, lch. 45.~~
10 IO L 114, 8.5.2003, lch. 45.
11 IO C 165, 11.7.2002, lch. 6.
12 IO L 337, 18.12.2009, lch. 1.
13 IO L 344/65 28.12.2007, [tagairt nach bhfuil soiléir, athdhréachtaigh le do thoil]

↓717/2007 aithris 7

~~Maidir le soláthar miondíola na seirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta, ní aithnítear sa Mholadh aon mhargadh miondíola d'fhánaíocht idirnáisiúnta mar mhargadh ábhartha, de bhrí, i measc rudaí eile, nach ndéantar seirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta a cheannach go neamhspleách ar leibhéal miondíola agus nach bhfuil iontu ach eilimint amháin de phacáiste miondíola níos leithne a cheannaíonn custaiméirí óna soláthraí baile.~~

↓717/2007 aithris 8

(8) Chomh maith leis sin, maidir leis na húdaráis rialaitheacha náisiúnta atá freagrach as cosaint agus cur chun cinn leasanna custaiméirí teileafón soghluaiste a bhfuil gnáthchónaí orthu laistigh dá gcríoch, níl ar a gcumas rialú a dhéanamh ar iompar oibreoirí an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, atá lonnaithe i mBallstáit eile, agus a bhfuil na custaiméirí sin ag brath air agus iad ag úsáid seirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta. D'fhéadfadh an bac sin freisin laghdú ar éifeachtúlacht na mbeart a bheadh glactha ag Ballstáit bunaithe ar an inniúlacht a bheadh fágtha acu rialacha cosanta tomhaltóirí a ghlacadh.

↓717/2007 aithris 9

(9) Dá réir sin, tá brú á chur ar Bhallstáit bearta a ghlacadh chun dul i ngleic le leibhéal na muirear fánaíochta idirnáisiúnta, ach ní leor an mheicníocht d'idirghabháil rialaitheach ex ante ag údaráis rialaitheacha náisiúnta dá bhforáiltear le creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach lena chur ar chumas na n-údarás sin gníomhú go cinntitheach chun leasa na dtomhaltóirí sa réimse sonrach sin.

↓717/2007 aithris 10 (oiriúnaithe)

(10) Sa bhreis air sin, iarradh ar an gCoimisiún i rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le rialáil agus margaí chumarsáid leictreonach na hEorpa ~~2004~~[14] tionscnaimh nua a fhorbairt chun costais arda an tráchta trasteorann teileafón soghluaiste a laghdú, agus tháinig Comhairle Eorpach an 23 agus an 24 Márta 2006 ar an gconclúid go bhfuil beartais fhócasaithe, éifeachtúla agus lánpháirtithe i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (ICT) ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta araon riachtanach chun ⌦ na ⌫ spriocanna ~~athnuaite Straitéis Liospóin~~ i dtaca le fás eacnamaíoch agus táirgiúlacht a bhaint amach agus thug sí ar aird sa chomhthéacs sin an tábhacht don iomaíochas atá le muirir fánaíochta a laghdú.

↓717/2007 aithris 11 (oiriúnaithe)
⇨nua

(11) Bhí sé d'aidhm ag creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach, bunaithe ar na cúinsí ba léir ag an am, deireadh a chur leis na bacainní go léir ar thrádáil idir Bhallstáit sa limistéar a ndearna sé comhchuibhiú air, inter alia, bearta a dhéanann difear do mhuirir fánaíochta. Mar sin féin, níor chóir go gcuirfeadh sé sin cosc ar rialacha comhchuibhithe a oiriúnú ar aon dul le cúinsí eile chun na bealaí is éifeachtaí

[14] IO C 285 E, 22.11.2006, lch. 143.

a fháil d'fhonn ~~leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a bhaint amach fad agus na coinníollacha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh á bhfeabhsú~~ ⇨ iomaíocht a fheabhsú sa mhargadh inmheánach ⇦ ⌦ maidir le seirbhísí fánaíochta agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a bhaint amach ⌫.

---

↓717/2007 aithris 12 (oiriúnaithe)

(12) Ba chóir, dá bhrí sin, creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach, go háirithe Treoir an Chreata, a leasú ionas go bhféadfar imeacht ó na rialacha a bheadh infheidhme murach sin, eadhon gur chóir praghsanna i gcomhair tairiscintí seirbhíse a chinneadh le comhaontú tráchtála nuair nach ann do chumhacht shuntasach sa mhargadh, agus leis sin go bhfreastalófar ar thabhairt isteach oibleagáidí rialaitheacha comhlántacha a léiríonn tréithe sonracha na seirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫.

---

↓717/2007 aithris 13

(13) Léiríonn na margaí fánaíochta miondíola agus mórdhíola tréithe uathúla atá ina n-údar maith le bearta eisceachtúla a théann níos faide ná na meicníochtaí a bhíonn ar fáil ar shlí eile faoi chreat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach.

---

↓717/2007 aithris 14

~~Ba chóir oibleagáidí rialaitheacha a fhorchur ar leibhéal miondíola agus ar leibhéal mórdhíola araon chun leasanna custaiméirí fánaíochta a chosaint, óir gur léir ón taithí nach gá gur praghsanna miondíola níos ísle i gcomhair fánaíochta a bheadh ann de thoradh laghduithe i bpraghsanna mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail, mar gheall ar easpa dreasachtaí chun go dtarlódh sin. Ar an láimh eile, d'fhéadfadh an baol a bheith ann go gcuirfeadh gníomh chun leibhéal na bpraghsanna miondíola a laghdú as d'fheidhmiú ordúil an mhargaidh fánaíochta ar fud an Chomhphobail mura rachfaí i ngleic le leibhéal na gcostas mórdhíola a ghabhann le soláthar na seirbhísí sin.~~

---

↓717/2007 aithris 15

~~Ba chóir go dtiocfadh na hoibleagáidí rialaitheacha sin i bhfeidhm chomh luath agus is féidir, agus fós tréimhse réasúnta a thabhairt do na hoibreoirí lena mbaineann chun a gcuid tairiscintí praghsanna agus seirbhíse a oiriúnú chun comhlíonadh a chinntiú, agus ba chóir go mbeadh feidhm acu go díreach i ngach Ballstát.~~

---

↓717/2007 aithris 16 (oiriúnaithe)
⇨nua

(14) Ba chóir cur chuige comhchoiteann a úsáid chun a áirithiú nach n-íocfaidh úsáideoirí líonraí poiblí trastíre ~~teileafón~~ ⌦ cumarsáide ⌫ soghluaiste praghsanna iomarcacha, agus iad ag taisteal laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, ar sheirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ nuair a dhéanann siad guthghlaonna nó nuair a fhaigheann siad guthghlaonna agus, ar an dóigh sin, ~~leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a bhaint amach agus fós~~ iomaíocht ⌦ maidir le seirbhísí fánaíochta ⌫ idir oibreoirí teileafón soghluaiste ~~a chosaint~~ ⇨ a fheabhsú ⇦ ⌦, chun leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a bhaint amach ⌫ agus dreasachtaí don nuálaíocht agus do rogha do

thomhaltóirí a chaomhnú. I bhfianaise chineál trasteorann na seirbhísí lena mbaineann, tá gá leis an gcur chuige comhchoiteann sin ionas gur féidir le hoibreoirí teileafón soghluaiste oibriú laistigh de chreat comhleanúnach aonair rialúcháin bunaithe ar chritéir a shuífear go hoibiachtúil.

---

🡻717/2007 aithris 17

~~Is é an cur chuige is éifeachtúla agus is comhréirí i leith rialáil leibhéal na bpraghsanna chun glaonna fánaíochta a dhéanamh agus a fháil laistigh den Chomhphobal meánmhuirear uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal an mhórdhíola a shocrú ar leibhéal an Chomhphobail agus muirir a theorannú ar leibhéal miondíola, trí Eoratharaif a thabhairt isteach. Ba chóir go mbeadh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola idir aon dá oibreoir laistigh den Chomhphobal i rith tréimhse sonraithe.~~

---

🡻544/2009 aithris 2 (oiriúnaithe)
⇨nua

(15) ⌦ Tá Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 544/2009, bailí go dtí an 30 Meitheamh 2012. Roimh dó dul in éag, ⌫ ~~R~~rinne an Coimisiún athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11 de ~~Rialachán (CE) Uimh. 717/2007~~, lenar ceanglaíodh air measúnú a dhéanamh i dtaobh ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin sin~~,~~ ⌦ agus ⌫ athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse na dtáillí mórdhíola agus miondíola i gcomhair seirbhísí guthchumarsáide ⌦ , SMS ⌫ agus cumarsáide sonraí~~, lena n-áirítear SMS agus MMS,~~ a sholáthar do chustaiméirí fánaíochta~~, agus dá mba rud é gurbh iomchuí, moltaí a dhéanamh maidir leis an ngá atá leis na seirbhísí sin a rialáil~~. Ina thuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle~~, a bhí ar fáil ina Theachtaireacht~~ an ~~23 Meán Fómhair 2008~~ ⌦ [ XX Meitheamh 2011 ] ⌫ maidir le toradh an athbhreithnithe ar fheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ~~ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2007 i ndáil le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 2002/21/CE~~, chinn an Coimisiún gurbh iomchuí ~~bailíocht Rialachán (CE) Uimh. 717/2007~~ ⌦ an rialachán ⌫ a fhadú thar an 30 Meitheamh ~~2010~~ ⌦ 2012 ⌫ .

---

🡻544/2009 aithris 6 (oiriúnaithe)
⇨nua

(16) Maidir leis na sonraí faoi fhorbairt praghsanna do sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna ⌦ , SMS agus sonraí ⌫ ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ⌦ agus an Rialacháin lena leasaítear é, Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 ⌫ , lena n-áirítear go háirithe na sonraí arna mbailiú ag na húdaráis rialála náisiúnta agus arna dtuairisciú ar bhonn ráithiúil trí mheán an ~~ERG~~ ⌦ BEREC ⌫ , ní thugann siad ~~dóthain~~ fianaise lena thabhairt le fios ⇨ gur tháinig forás measartha ar ⇦ ~~gur dócha go mbeidh~~ iomaíocht ar na leibhéil mhiondíola nó mhórdhíola ⌦ ná gur dócha go mbeidh sí ⌫ inbhuanaithe ó mhí an Mheithimh ~~2010~~ ⌦ 2012 ⌫ ar aghaidh gan bearta rialála a bheith i bhfeidhm. Léiríonn sonraí den sórt sin go bhfuil praghsanna miondíola agus mórdhíola ~~cnuasaithe~~ ⌦ fós ag cnuasach ⌫ ag na teorainneacha, nó gar do na teorainneacha, a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ⌦ arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 ⌫ , agus nach bhfuil ach iomaíocht theoranta ann faoi bhun na dteorainneacha sin.

↓544/2009 aithris 7 (oiriúnaithe)

(17) Dá bhrí sin, dá rachadh na coimircí rialála a bhfuil feidhm acu maidir le seirbhísí fánaíochta ~~guthghlaonna~~ laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ ar leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola de bhua Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ⌦ , arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 717/2009, ⌫ in éag i mí an Mheithimh ~~2010~~ ⌦ 2012 ⌫, bheadh riosca suntasach ann gurb é an toradh a bheadh ar an easpa bhunúsach brú iomaíochta sa mhargadh fánaíochta ~~guthghlaonna~~ agus ar an dreasacht a bheadh ann d’oibreoirí líonraí teileafón soghluaiste a n-ioncam fánaíochta a uasmhéadú ná go mbeadh praghsanna miondíola agus mórdhíola ann ar fhánaíocht laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ ar praghsanna iad nach léiriú réasúnta iad ar na costais bhunúsacha a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar, rud a chuirfeadh cuspóirí ~~Rialachán (CE) Uimh. 717/2007~~ ⌦ an Rialacháin seo ⌫ i mbaol. Ba cheart, dá bhrí sin, ~~Rialachán (CE) Uimh. 717/2007~~ ⌦ idirghabháil rialaitheach sa mhargadh seirbhísí fánaíochta soghluaiste ⌫ a fhadú thar an 30 Meitheamh ~~2010~~ ⌦ 2012 ⌫ ~~ar feadh thréimhse eile dhá bhliain~~ chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú ⌦ trí ligean d'iomaíocht forbairt, agus ag an am céanna ⌫ trína ráthú go leanfaidh na tomhaltóirí de thairbhe a bhaint as an ráthaíocht nach ndéanfar praghas iomarcach, i gcomparáid le praghsanna iomaíocha náisiúnta, a ghearradh orthu ~~nuair atá glao fánaíochta rialáilte á dhéanamh nó á fháil acu, agus, ag an am céanna, chun dóthain ama a fhágáil chun iomaíocht a fhorbairt~~.

⇩nua

(18) Le go bhféadfaidh margadh níos éifeachtúla agus níos iomaíche forbairt i gcomhair seirbhísí fánaíochta, níor chóir aon srianta a bheith ann a chuirfeadh bac ar ghnóthais caibidlíocht éifeachtach a dhéanamh ar an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar. Mar sin féin, tá bacainní ann faoi láthair ar an rochtain a fhaightear ar sheirbhísí fánaíochta mórdhíola den sórt sin, i ngeall ar dhifríochtaí maidir le cumhacht caibidlíochta agus maidir leis an méid úinéireachta a bhíonn ag gnóthais ar bhonneagar. Dá mbainfí na bacainní sin, bheadh sé níos éasca seirbhísí agus tairiscintí fánaíochta malartacha agus nuálacha a fhorbairt do chustaiméirí, go háirithe i measc oibreoirí líonraí fíorúla. D'éascódh sé freisin seirbhísí uile-Eorpacha a fhorbairt.

(19) Ba chóir rialacha a thabhairt isteach, dá bhrí sin, maidir le húdarú na hoibleagáide iarratais réasúnacha a shásamh, ar iarratais iad ar rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola ag líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste le seirbhísí fánaíochta a sholáthar. Níor chóir iarratais den sórt sin a dhiúltú ach amháin ar bhonn critéar oibiachtúil, a bhfuil bunús cuí leo, ba chóir do na húdaráis rialála náisiúnta a chinneadh cás i ndiaidh cáis de réir an nós imeachta um réiteach díospóide dá dtagraítear in Airteagal 17. D'fhonn deis iomaíochta chothrom a áirithiú, ba chóir rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar a bhronnadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí rialaitheacha a leagtar síos sa Rialachán seo agus a bheidh infheidhme ar an leibhéal mórdhíola agus ba chóir go gcuirfí san áireamh na gnéithe éagsúla costais a theastaíonn chun rochtain den sórt sin a thabhairt. Sheachnófaí saobhadh idir na Ballstáit dá mbeadh cur chuige rialaitheach comhréireach ann i leith rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar.

(20) Ba chóir go gclúdódh oibleagáid i leith rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola rochtain ar na heilimintí agus ar na saoráidí go léir is gá le seirbhísí fánaíochta a sholáthar, ar a bhfuil na heilimintí seo a leanas: rochtain ar eilimintí líonra agus ar shaoráidí gaolmhara; rochtain ar chórais bhogearraí ábhartha lena n-áirítear córais tacaíochta oibriúcháin; rochtain ar chórais faisnéise nó ar bhunachair shonraí maidir le réamhordú, soláthar, ordú, cothabháil agus iarrataí deisiúcháin, agus billeáil; rochtain ar aistriúchán uimhreach nó ar chórais a thugann feidhmiúlacht choibhéiseach; rochtain ar líonraí soghluaiste, agus rochtain ar sheirbhísí líonraí fíorúla.

(21) Díoltar seirbhísí cumarsáide soghluaiste i bhfoirm chuachta, lena n-áirítear seirbhísí baile agus seirbhísí fánaíochta, rud a chuireann srian ar an rogha atá ag custaiméirí ar sheirbhísí fánaíochta. Tugann pacáistí cuachta den sórt sin níos lú trédhearcachta i leith seirbhísí fánaíochta, ós rud é gur deacair eilimintí ar leithligh laistigh den phacáiste a chur i gcomparáid le chéile. Dá réir sin, ní léir fós go bhfuil aon chomórtas ann idir oibreoirí bunaithe ar an ngné fánaíochta den phacáiste cuachta soghluaiste. Dá n-éascófaí an inrochtaineacht atá ar fhánaíocht mar sheirbhís ar leithligh d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna struchtúracha trí fheasacht tomhaltóirí ar phraghsanna fánaíochta a ardú, rud a chinnteodh rogha ar leith do thomhaltóirí maidir le seirbhísí fánaíochta agus thiocfadh méadú, dá réir sin, ar an mbrú iomaíochta i dtaobh an éilimh de. Rannchuideodh sé sin le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh i seirbhísí fánaíochta na hEorpa.

(22) Ba chóir go mbeadh sé de cheart ag tomhaltóirí seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh óna bpacáiste soghluaiste baile. Ba chóir bunphrionsabail a leagan síos maidir le seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh agus ba chóir iad a thabhairt isteach ar shlí chomhordaithe ar fud an Aontais. Ba chóir do thomhaltóirí a bheith in ann soláthraí seirbhísí fánaíochta difriúil a roghnú gan a n-uimhir a athrú, ar shlí a áirithíonn idir-inoibritheacht seirbhísí, agus ba chóir seirbhísí fánaíochta a bheith á soláthar ar fud an Aontais agus ar an leibhéal céanna cáilíochta.

(23) Ba chóir breis comhair agus breis comhordaithe idir oibreoirí líonraí soghluaiste a bhunú le go bhféadfar seirbhísí fánaíochta ar leithligh a sholáthar ar bhonn teicniúil, agus lena áirithiú go ndéanfar forás comhordaithe agus fónta ar sheirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh san Aontas. Ba chóir, dá bhrí sin, treoirlínte a fhorbairt ina ndéanfar tuilleadh miondealaithe ar na bunphrionsabail agus ar na modheolaíochtaí ábhartha le go bhféadfar oiriúnú mear a dhéanamh d'imthosca athraithe agus do dhul chun cinn teicneolaíoch. Ba chóir do BEREC, i gcomhordú leis an gCoimisiún agus i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoirlínte a eisiúint lena bhforbrófar eilimintí teicniúla saoráide lena bhféadfar seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh. Na caighdeáin ábhartha a theastaíonn le go gcuirfear an tsaoráid chun feidhme go comhchuibhithe, féadfaidh an Coimisiún sainordú a thabhairt don Chomhlacht Eorpach um Chaighdeánú iad a leasú.

(24) Le go mbeidh lánéifeacht le seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh, meastar nach mór é a cheangal leis an oibleagáid maidir le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar le go n-éascófar do ghníomhaithe nua nó do ghníomhaithe reatha, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí fánaíochta trasteorann, teacht isteach sa mhargadh. Leis an réiteach sin, seachnófar saobhadh idir na Ballstáit trí chur chuige rialaitheach comhréireach a áirithiú, sa chaoi is go rannchuideofar le forbairt an mhargaidh aonair. Mar sin féin, beidh gá ag an réiteach seo maidir le seirbhísí fánaíochta le tréimhse réasúnta ina bhféadfaidh na hoibreoirí oiriúnú dó ar an leibhéal teicniúil, agus ní chruthófar fíormhargadh inmheánach a bhfuil dóthain iomaíochta ann

ach tar éis tréimhse áirithe. Ar an gcúis sin, ba chóir teorainneacha praghsanna i gcomhair muirear mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, teachtaireachtaí SMS agus sonraí agus teorainneacha coimirce i gcomhair na seirbhísí sin ar an leibhéal miondíola a choimeád ar leibhéal cuí ar bhonn sealadach lena áirithiú go gcaomhnófar sochair na gcustaiméirí reatha le linn idirthréimhse ina gcuirfear réitigh struchtúracha den sórt sin chun feidhme, agus féadfar na teorainneacha a bhaint i ndiaidh na tréimhse sin.

(25) Le go leanfar leis an rialáil shealadach ar phraghsanna, ba chóir oibleagáidí rialaitheacha a fhorchur ar leibhéal miondíola agus ar leibhéal mórdhíola araon chun leasanna custaiméirí fánaíochta a chosaint, óir is léir ón taithí nach gá gur praghsanna miondíola níos ísle i gcomhair fánaíochta a bheadh ann de thoradh laghduithe i bpraghsanna mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta ar fud an Aontais, mar gheall ar easpa dreasachtaí le go dtarlódh sin. Ar an láimh eile, d'fhéadfadh an baol a bheith ann go gcuirfeadh gníomh chun leibhéal na bpraghsanna miondíola a laghdú as d'fheidhmiú ordúil an mhargaidh fánaíochta ar fud an Aontais mura rachfaí i ngleic le leibhéal na gcostas mórdhíola a ghabhann le soláthar na seirbhísí sin agus ní chruthódh sé breis iomaíochta.

(26) Go dtí go mbeidh dóthain iomaíochta cruthaithe sa mhargadh fánaíochta trí na réitigh struchtúracha, is é an cur chuige is éifeachtúla agus is comhréirí i leith rialáil leibhéal na bpraghsanna chun glaonna fánaíochta a dhéanamh agus a fháil laistigh den Aontas meánmhuirear uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal an mhórdhíola a shocrú ar leibhéal an Aontais agus muirir a theorannú ar leibhéal miondíola tríd an Eoratharaif a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007. Ba chóir go mbeadh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola idir aon dá oibreoir laistigh den Aontas ar feadh tréimhse sonraithe.

---

| ⬇717/2007 aithris 18 (oiriúnaithe)<br>⇨nua |
|---|

(27) Ba chóir an Eoratharaif ⌦ shealadach ⌫ a shocrú ar leibhéal ⌦ coimirce ⌫ a ráthódh corrlach dóthanach d'oibreoirí agus a spreagfadh tairiscintí iomaíocha fánaíochta ag rátaí níos ísle ⇨ agus a d'áiritheodh, ag an am céanna, go gcaomhnófaí na sochair a fhaigheann tomhaltóirí faoi láthair feadh idirthréimhse ina gcuirfí na réitigh struchtúracha chun feidhme ⇦. ⇨Le linn na tréimhse lena mbaineann, ⇦ ~~B~~ba chóir d'oibreoirí Eoratharaif a thairiscint go gníomhach dá gcuid custaiméirí fánaíochta go léir, saor in aisce, agus ar dhóigh shoiléir thrédhearcach.

---

| ⬇717/2007 aithris 19 (oiriúnaithe)<br>⇨nua |
|---|

(28) ~~Ba chóir go gcinnteodh an cur chuige rialaitheach sin go dtabharfadh muirir mhiondíola ar fhánaíocht ar fud an Chomhphobail léargas níos réasúnaí ar na costais bhunúsacha a bhíonn i gceist le soláthar na seirbhíse le hais mar a bhí.~~ Ba chóir~~, dá bhrí sin,~~ go léireodh an Eoratharaif ~~uasta~~ ⌦ shealadach ⌫ a ~~fhéadfar a thairiscint~~ ⇨ thairgfear ⇦ do chustaiméirí fánaíochta corrlach réasúnta ar an gcostas mórdhíola a bhaineann le seirbhís fánaíochta a sholáthar, agus fós an tsaoirse a thabhairt d'oibreoirí dul in iomaíocht trí idirdhealú a dhéanamh ar a gcuid tairiscintí agus a gcuid struchtúr praghsála a chur in oiriúint do choinníollacha an mhargaidh agus do na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí. ⇨Ba chóir teorainneacha coimirce den sórt sin a shocrú ag

leibhéil nach ndéanann saobhadh ar na sochair iomaíochta a thig as réitigh struchtúracha agus d'fhéadfaí iad a bhaint a luaithe a bheadh deis ag na réitigh struchtúracha sochair nithiúla a sholáthar do chustaiméirí. ⇦ Níor chóir go mbeadh feidhm ag an gcur chuige rialaitheach sin maidir le seirbhísí breisluacha.

---

🡻717/2007 aithris 20 (oiriúnaithe)

(29) Ba chóir go mbeadh an cur chuige rialaitheach sin éasca le cur chun feidhme agus le monatóireacht a dhéanamh air chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú ar na hoibreoirí a ndéanann a chuid ceanglais difear dóibh agus ar na húdaráis rialaitheacha náisiúnta a mbeidh maoirseacht agus forghníomhú de chúram orthu. Ba chóir freisin go mbeadh sé trédhearcach agus intuigthe láithreach do na custaiméirí teileafón soghluaiste go léir laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ . Chomh maith leis sin, ba chóir go dtabharfadh sé cinnteacht agus intuarthacht d'oibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí fánaíochta mórdhíola agus miondíola. Ba chóir, dá bhrí sin, leibhéal na muirear uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal mórdhíola agus ar leibhéal miondíola a shonrú go díreach i dtéarmaí airgid sa Rialachán seo.

---

🡻717/2007 aithris 21 (oiriúnaithe)

(30) Ba chóir go ndéanfadh an meánmhuirear uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal mórdhíola, arna shonrú amhlaidh, na gnéithe difriúla a bhaineann le glao fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a dhéanamh a chur san áireamh, go háirithe costas thosú agus chríochnú na nglaonna thar líonraí teileafón soghluaiste mar aon le forchostais, comharthaíocht agus trasdul. Is é an pointe cóimheasa is oiriúnaí do thosú glao agus do chríochnú glao ná an meánráta críochnaithe teileafón soghluaiste i gcomhair oibreoirí líonra teileafón soghluaiste ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, bunaithe ar fhaisnéis arna cur ar fáil ag na húdaráis rialaitheacha náisiúnta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún. Ba chóir an meánmhuirear uasta in aghaidh an nóiméid a chruthaítear leis an Rialachán seo a shocrú, dá bhrí sin, agus an meánráta críochnaithe teileafón soghluaiste á chur san áireamh, rud a thabharfaidh pointe cóimheasa i gcomhair na gcostas a bheidh i gceist. Ba chóir go laghdódh an meánráta uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal mórdhíola go bliantúil chun laghduithe ar rátaí críochnaithe le haghaidh teileafón soghluaiste a fhorchuirfidh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta ó am go ham a chur san áireamh.

---

🡻717/2007 aithris 22 (oiriúnaithe)

(31) Ba chóir go ndeimhneodh an Eoratharaif ⌦ shealadach ⌫ is infheidhme ar leibhéal miondíola do chustaiméirí fánaíochta nach ngearrfar praghas iomarcach orthu nuair a dhéanfaidh siad nó nuair a gheobhaidh siad glao fánaíochta rialáilte, agus fós go bhfágfar corrlach dóthanach ag na hoibreoirí baile chun idirdhealú a dhéanamh ar na táirgí a thairgfidh siad dá gcuid custaiméirí.

---

🡻717/2007 aithris 23 (oiriúnaithe)
⇨nua

(32) ⇨Le linn idirthréimhse na dteorainneacha coimirce, ⇦ ~~B~~ba chóir go mbeadh an rogha, gan aon mhuirir bhreise nó réamhchoinníollacha a bheith ag gabháil leis, ag na custaiméirí go léir taraif shimplí fánaíochta a roghnú nach rachaidh thar na rátaí

rialáilte. Ba chóir go gcinnteodh corrlach réasúnta idir na costais mhórdhíola agus na praghsanna miondíola go ndéanfaidh na hoibreoirí a gcuid costas sonrach fánaíochta go léir ar leibhéal miondíola a chlúdach, lena n-áirítear sciaranna cuí de chostais mhargaíochta agus fóirdheontais i gcomhair sásanna láimhe, agus go bhfágfar iad le hiarmhar dóthanach chun toradh réasúnta a bhaint amach. Is bealach cuí an Eoratharaif ⌦ shealadach ⌫ chun cosaint a thabhairt don tomhaltóir agus solúbthacht a thabhairt don oibreoir. Ar nós an leibhéil mhórdhíola, ba chóir go laghdódh leibhéil uasta na hEoratharaife go bliantúil.

---

🡻717/2007 aithris 24 (oiriúnaithe)
⇨nua

(33) ⇨Le linn idirthréimhse na dteorainneacha coimirce, ⇦ ~~B~~ba chóir raon iomlán na dtaraifí atá ann i gcomhair fánaíochta ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, lena n-áirítear na taraifí a chomhlíonann an Eoratharaif ⌦ shealadach ⌫ , a chur in iúl go hiomlán do chustaiméirí nua fánaíochta. Ba chóir an deis a thabhairt do na custaiméirí fánaíochta atá ann cheana a rogha a dhéanamh maidir le taraif nua a chomhlíonann an Eoratharaif ⌦ shealadach ⌫ nó aon taraif fánaíochta eile laistigh de thréimhse ama áirithe. Maidir le custaiméirí fánaíochta atá ann cheana agus nach mbeidh a rogha déanta acu laistigh den tréimhse ama sin, is cuí idirdhealú a dhéanamh idir na daoine a roghnaigh taraif shonrach fánaíochta nó pacáiste sonrach fánaíochta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus na daoine nach ndearna amhlaidh. Ba chóir taraif a chomhlíonfaidh ceanglais an Rialacháin seo a thabhairt go huathoibríoch do na custaiméirí is deireanaí atá luaite. Maidir le custaiméirí fánaíochta atá ag baint leasa cheana as taraifí nó pacáistí sonracha fánaíochta a oireann dá gcuid riachtanas aonair agus a bhíonn roghnaithe ar an mbunús sin acu, ba chóir go leanfaidís leis an taraif nó leis an bpacáiste a bhí roghnaithe roimhe sin acu más rud é, tar éis a gcuid coinníollacha taraife reatha a bheith meabhraithe dóibh, nach gcuirfidh siad rogha in iúl laistigh den tréimhse ama ábhartha. D'fhéadfadh sé go mbeadh san áireamh sna taraifí nó pacáistí fánaíochta sainiúla sin, mar shampla, cothromrátaí fánaíochta, taraifí neamhphoiblí, taraifí lena ngabhann muirir sheasta bhreise fánaíochta, taraifí lena ngabhann muirir in aghaidh an nóiméid atá níos ísle ná an Eoratharaif uasta nó taraifí lena ngabhann muirir bhunaithe.

---

🡻717/2007 aithris 25

~~Maidir le soláthraithe seirbhísí miondíola fánaíochta ar fud an Chomhphobail ba chóir go mbeadh tréimhse ar fáil dóibh ina bhféadfaidh siad a bpraghsanna a choigeartú chun na teorainneacha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.~~

---

🡻717/2007 aithris 26

~~Ar an gcaoi chéanna, ba chóir go mbeadh tréimhse oiriúnaithe ag soláthraithe seirbhísí fánaíochta mórdhíola ar fud an Chomhphobail chun na teorainneacha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.~~

---

🡻717/2007 aithris 27 (oiriúnaithe)

(34) Ó tharla go bhforáiltear leis an Rialachán seo go bhfuil na Treoracha a chomhdhéanann creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach gan dochar d'aon

bheart sonrach a ghlacfar chun rialáil a dhéanamh ar mhuirir fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ i gcomhair glaonna guth-theileafónaíochta soghluaiste, agus ó tharla go bhféadfadh sé go ndéanfaí leis an Rialachán seo é a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ athruithe a dhéanamh ar a dtaraifí miondíola fánaíochta chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, níor chóir go ndúiseodh athruithe den sórt sin aon cheart, faoi na dlíthe náisiúnta a thrasuíonn creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach, le haghaidh custaiméirí teileafón soghluaiste tarraingt siar as a gconarthaí.

---

▼717/2007 aithris 28 (oiriúnaithe)
⇨nua

(35) Níor chóir go ndéanfadh an Rialachán seo dochar do thairiscintí nuálacha do chustaiméirí atá níos tairbhí ná an Eoratharaif ~~uasta~~ ⌦ shealadach ⌫ mar a shainmhínítear sa Rialachán seo í, ach is amhlaidh gur chóir go spreagfadh sé tairiscintí nuálacha do chustaiméirí fánaíochta ag rátaí níos ísle ⇨ go háirithe mar fhreagairt ar an mbrú breise iomaíoch a chruthaíonn forálacha struchtúracha an Rialacháin seo ⇦ . Ní éilíonn an Rialachán seo go dtabharfaí muirir fánaíochta ar ais arís i gcásanna ina bhfuil deireadh curtha leo amach is amach, ná ní éilíonn sé go n-ardófaí muirir fánaíochta go dtí leibhéal na dteorainneacha ⌦ sealadacha coimirce ⌫ a leagtar amach sa Rialachán seo.

---

▼544/2009 aithris 12 (oiriúnaithe)

(36) I gcás nach in euro a ainmnítear teorainneacha na dtáillí, ba cheart teorainneacha na dtáillí is infheidhme maidir leis na teorainneacha tosaigh mar aon le luachanna athbhreithnithe na dteorainneacha sin a chinneadh san airgeadra iomchuí trí na rátaí malairte tagartha arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar ~~na dátaí~~ ⌦ an dáta ⌫ a shonraítear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. I gcás nach bhfuil aon fhoilsiú ann ar an dáta a shonraítear, ba cheart gurb iad na rátaí malairte tagartha is infheidhme ná na ~~dátaí~~ ⌦ rátaí ⌫ sin arna bhfoilsiú sa chéad eagrán d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis an dáta sin agus ina bhfuil rátaí malairte tagartha den sórt sin.

---

▼544/2009 aithris 14 (oiriúnaithe)

(37) De dheasca an chleachtais atá ag roinnt oibreoirí líonraí soghluaiste na billí ar sholáthar glaonna fánaíochta mórdhíola a bhunú ar thréimhsí íosta muirearaithe suas go dtí 60 soicind, seachas ar bhonn ráta in aghaidh an tsoicind mar atá i bhfeidhm de ghnáth do tháillí idirnaisc mórdhíola eile, cruthaítear saobhadh iomaíochta idir na hoibreoirí sin agus iad siúd a úsáideann modhanna billeála éagsúla agus baineann sé sin an bonn d'fheidhmiú comhréireach na dteorainneacha praghsanna mórdhíola a tugadh isteach ~~le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007~~ ⌦ leis an Rialachán seo ⌫. Ina theannta sin, is ionann í agus táille bhreise a bhfuil iarmhairt dhiúltach aici ó thaobh praghsanna na seirbhísí fánaíochta guthghlaonna ar an leibhéal miondíola de, trí chostais mhórdhíola a ardú. Dá bhrí sin, ba cheart go gceanglófaí ar oibreoirí líonraí teileafón soghluaiste soláthar mórdhíola glaonna fánaíochta rialáilte a bhilleáil in aghaidh an tsoicind.

⬇544/2009 aithris 18 (oiriúnaithe)

(38) Measann an ERG ⌦ , réamhtheachtaí an BEREC, ⌫ gurb é a lean as an gcleachtas atá ag oibreoirí líonraí teileafón soghluaiste, is é sin, úsáid a bhaint as tréimhsí muirearaithe is faide ná soicind amháin agus iad i mbun billeála do sheirbhísí fánaíochta ar an leibhéal miondíola ná 24 % a chur le gnáthbhille Eoratharaife i gcás glaonna a rinneadh agus 19 % a chur le billí den sórt sin i gcás glaonna a fuarthas. Luaigh siad freisin gurb ionann na méaduithe sin agus cineál táille ceilte ós rud é nach bhfuil siad trédhearcach don chuid is mó de na tomhaltóirí. Ar an gcúis sin, mhol an ERG gníomhaíocht phráinneach chun aghaidh a thabhairt ar na cleachtais éagsúla billeála a chuirtear i bhfeidhm ar an Eoratharaif ar an leibhéal miondíola.

---

⬇544/2009 aithris 19 (oiriúnaithe)

(39) Cé gurb é a rinneadh le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, trínar tugadh Eoratharaif isteach ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, ná cur chuige comhchoiteann a bhunú chun a áirithiú nach ndéantar praghsanna iomarcacha a mhuirearú ar chustaiméirí fánaíochta as glaonna fánaíochta rialáilte, is é a tharlaíonn mar gheall ar na cleachtais éagsúla ó thaobh na n-aonad billeála a chuireann oibreoirí líonraí teileafón soghluaiste i bhfeidhm ná go mbaintear an bonn go mór ó chur i bhfeidhm comhréireach an chur chuige sin. Ciallaíonn sé seo freisin, d'ainneoin chineál ~~uile-Chomhphobail~~ ⌦ uile-Aontais ⌫, trasteorann na seirbhísí fánaíochta laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige ann maidir le billeáil a dhéanamh ar ghlaonna fánaíochta rialáilte agus dá bharr sin déantar saobhadh ar na dálaí iomaíochta sa mhargadh aonair.

---

⬇544/2009 aithris 20 (oiriúnaithe)

(40) Dá bhrí sin, ba cheart sraith choiteann rialacha maidir leis na haonaid a úsáidtear sna billí Eoratharaife ar an leibhéal miondíola a thabhairt isteach chun an margadh aonair a neartú tuilleadh agus chun leibhéal coiteann cosanta a sholáthar ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ do thomhaltóirí na seirbhísí fánaíochta ~~uile-Chomhphobail~~ ⌦ uile-Aontais ⌫ .

---

⬇544/2009 aithris 21

(41) Ba cheart go gceanglófaí ar sholáthraithe glaonna fánaíochta rialáilte ar an leibhéal miondíola a gcuid custaiméirí a bhilleáil ar bhonn ráta in aghaidh an tsoicind do na glaonna ar fad atá faoi réir Eoratharaife, ach sin faoi réir an fhéidearthacht a bheith ann tréimhse muirearaithe tosaigh íosta nach faide ná 30 soicind a chur i bhfeidhm do ghlaonna a dhéantar agus faoina réir sin amháin. Cuirfidh sé sin ar chumas na n-oibreoirí aon chostais réasúnacha i ndáil le bunú a chlúdach chomh maith le solúbthacht iomaíochta a sholáthar trí thréimhsí íosta muirearaithe níos giorra a thairiscint. Níl údar maith le tréimhse muirearaithe tosaigh íosta a bheith ann i gcás glaonna Eoratharaife a fhaightear, áfach, toisc go ndéantar an costas mórdhíola bunúsach a mhuirearú ar bhonn ráta in aghaidh an tsoicind agus go gcumhdaítear aon chostais shonracha i ndáil le bunús na rátaí críochnaithe le haghaidh seirbhísí soghluaiste cheana féin.

🡻544/2009 aithris 22

(42) Níor cheart go mbeadh ar chustaiméirí íoc as teachtaireachtaí glórphoist a fháil i líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, mar nach féidir leo fad na dteachtaireachtaí sin a rialú. Ba cheart go mbeadh an fhoráil seo gan dochar d'aon mhuirir ghlórphoist eile is infheidhme, mar shampla muirir chun éisteacht le teachtaireachtaí den sórt sin.

---

🡻544/2009 aithris 24 (oiriúnaithe)

(43) ⌦ I gcás seirbhísí fánaíochta SMS, ⌫ ~~Díreach~~ mar is amhlaidh i gcás guthghlaonna fánaíochta, tá riosca suntasach ann, mura ndéanfaí ach oibleagáidí praghsála mórdhíola a fhorchur, nach mbeadh rátaí níos ísle do chustaiméirí miondíola mar thoradh uathoibríoch air. Os a choinne sin, dá rachfaí i mbun gníomhaíochta chun leibhéal na bpraghsanna miondíola a laghdú gan aghaidh a thabhairt ar leibhéal na gcostas mórdhíola a bhaineann leis na seirbhísí seo a sholáthar, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do staid roinnt oibreoirí, go háirithe na n-oibreoirí is lú, trí mhéadú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh cúngach praghsanna ann.

---

🡻544/2009 aithris 25

(44) Ina theannta sin, mar gheall ar struchtúr ar leith an mhargaidh fánaíochta, agus mar gheall ar é a bheith de chineál trasteorann, ní dhearnadh uirlisí oiriúnacha a sholáthar leis an gcreat rialála 2002 do na húdaráis rialála náisiúnta aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na fadhbanna ó thaobh iomaíochta de arb iad is cúis le leibhéal ard na bpraghsanna mórdhíola agus miondíola do sheirbhísí fánaíochta SMS rialáilte. Ní áirithíonn sé seo feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus ba cheart é a chur ina cheart.

---

🡻544/2009 aithris 27
⇨nua

(45) Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí rialaitheacha a chur i bhfeidhm i leith seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte ar an leibhéal mórdhíola, chun gaolmhaireacht níos réasúnaí a bhunú idir na muirir mhórdhíola agus costais bhunúsacha an tsoláthair, agus ⇨ ar feadh idirthréimhse ⇦ ar an leibhéal miondíola chun leasanna na gcustaiméirí fánaíochta a chosaint ⇨ go dtí tráth a mbeidh éifeacht leis an réiteach struchtúrach ⇦.

---

🡻544/2009 aithris 29 (oiriúnaithe)
⇨nua

(46) ⇨ Go dtí go mbeidh dóthain iomaíochta cruthaithe ag an réiteach struchtúrach sa mhargadh fánaíochta, ⇦ ~~I~~is é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte ar an leibhéal mórdhíola ná meánmhuirear uasta in aghaidh an SMS a sheoltar ó líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a shocrú ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ . Ba cheart go mbeadh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola idir aon dá oibreoir líonraí soghluaiste laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ thar thréimhse shonraithe.

⬇544/2009 aithris 30

(47) Ba cheart go gcuimseodh teorainn an phraghais mórdhíola ar fhánaíocht SMS rialáilte na costais go léir arna dtabhú ag soláthraí na seirbhíse mórdhíola, lena n-áirítear, inter alia, an túsphointe, tarchur agus costas neamhghnóthaithe as críochnú teachtaireachtaí fánaíochta SMS ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh cosc ar sholáthraithe mórdhíola seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte muirear ar leithligh a thabhairt isteach i gcomhair chríochnú theachtaireachtaí fánaíochta SMS ar a líonra, chun a áirithiú go gcuirtear na rialacha a bhunaítear leis an Rialachán seo i bhfeidhm go comhréireach.

---

⇩nua

(48) D'fhonn a áirithiú go mbeidh na teorainneacha rialáilte i gcomhair seirbhísí mórdhíola fánaíochta SMS níos gaire do leibhéil a léiríonn costais bhunúsacha an tsoláthair agus go bhféadfar iomaíocht a fhorbairt ar an leibhéal miondíola, ba cheart do na teorainneacha praghsanna mórdhíola i gcomhair teachtaireachtaí SMS rialáilte teacht leis na laghduithe a dhéanfar ina dhiaidh sin.

---

⬇544/2009 aithris 31 (oiriúnaithe)
⇨nua

(49) ⌦ In éagmais eilimintí struchtúracha chun an iomaíocht a thabhairt isteach sa mhargadh fánaíochta, measadh i Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 ⌫ ~~Is~~ ⌦ gurbh ⌫ é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS ~~uile-Chomhphobail~~ ⌦ uile-Aontais ⌫ ar an leibhéal miondíola ná ceanglas a thabhairt isteach d'oibreoirí na líonraí soghluaiste chun taraif Eora-SMS a thairiscint dá gcuid custaiméirí fánaíochta ar taraif í nach dtéann thar uasteorainn shonraithe praghais

(50) ⇨ Go dtí tráth a mbeidh éifeacht leis na réitigh struchtúracha, ⇦ ~~B~~ba cheart an taraif ⌦ shealadach ⌫ Eora-SMS a ~~shocrú~~ ⌦ choimeád ⌫ ar leibhéal ⌦ coimirce ⌫ ⇨ a d'áiritheodh go gcaomhnaítear na sochair a fhaigheann tomhaltóirí faoi láthair agus, ag an am céanna, ⇦ lena ráthaítear corrlach dóthanach do na hoibreoirí agus fós gur léiriú níos réasúnaí é ar na costais bhunúsacha mhiondíola.

---

⬇544/2009 aithris 32 (oiriúnaithe)
⇨nua

(51) ~~Ba cheart go n-áiritheodh an cur chuige rialála seo go dtugann muirir mhiondíola ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte léiriú níos réasúnaí ar na costais bhunúsacha a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar ná mar ab amhlaidh roimhe seo.~~ Dá bhrí sin, ba cheart go léireodh an taraif ⌦ shealadach ⌫ Eora-SMS ~~uasta~~ a fhéadfar a thairiscint do chustaiméirí fánaíochta corrlach réasúnach thar na costais a bhaineann le seirbhís fánaíochta SMS rialáilte a sholáthar, agus ag an am céanna saoirse a thabhairt d'oibreoirí chun iomaíocht a dhéanamh trí idirdhealú a dhéanamh idir a gcuid tairiscintí agus trína struchtúir praghsála a chur in oiriúint do dhálaí an mhargaidh agus do na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí. ⇨ Ba cheart teorainn choimirce den sórt sin a shocrú ag leibhéal nach ndéanann saobhadh ar na sochair iomaíochta a thig as réitigh struchtúracha agus féadfar í a bhaint tráth a mbeidh éifeacht leis an réiteach

structhúrach. ⇦ Níor cheart go mbeadh feidhm ag an gcur chuige rialála seo maidir le seirbhísí breisluacha SMS.

---

↓544/2009 aithris 33

(52) Níor cheart go mbeadh ar chustaiméirí fánaíochta aon mhuirear breise a íoc as teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte nó teachtaireacht ghlórphoist a fháil agus iad ag fánaíocht ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, ós rud é go bhfuil na costais a ghabhann le críochnú den sórt sin cúitithe cheana féin sa mhuirear miondíola a thoibhítear as teachtaireacht fánaíochta SMS nó teachtaireacht ghlórphoist a sheoladh.

---

↓544/2009 aithris 34

(53) Ba cheart go mbeadh feidhm uathoibríoch ag taraif Eora-SMS maidir le haon chustaiméir nua fánaíochta nó maidir le haon chustaiméir láithreach fánaíochta nach ndearna nó nach ndéanann taraif fhánaíochta SMS speisialta nó pacáiste do sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte a roghnú d'aon ghnó.

---

↓544/2009 aithris 36

(54) Is é atá i dteachtaireacht SMS ná teachtaireacht téacs ó Sheirbhís Ghearrtheachtaireachtaí agus tá difríocht shoiléir ann idir í agus teachtaireachtaí eile amhail teachtaireachtaí MMS nó teachtaireachtaí ríomhphoist. Chun a áirithiú nach mbainfear d'éifeachtacht an Rialacháin agus go ndéanfar a chuspóirí a chomhlíonadh go hiomlán, ba cheart toirmeasc a chur ar aon athruithe ar pharaiméadair theicniúla theachtaireacht fhánaíochta SMS a dhéanfadh í a idirdhealú ó theachtaireacht SMS baile.

---

↓544/2009 aithris 37 (oiriúnaithe)

(55) De réir sonraí arna mbailiú ag na húdaráis rialála náisiúnta, léirítear ⌦ go bhfuil praghsanna arda fós ar ⌫ ~~gurb é an treocht atá ann maidir leis na meánmhuirir~~ ⌦ mheánmhuirir ⌫ mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta sonraí arna dtobhach ag oibreoirí na líonraí teileafón soghluaiste a bhfuil cuairt á tabhairt orthu ar sholáthraithe baile na gcustaiméirí fánaíochta ~~ná go bhfuil na~~ ~~muirir~~ ⌦ fiú más é an treocht atá ann go bhfuil na praghsanna mórdhíola ⌫ sin ag dul i laghad~~, cé go bhfuil praghsanna arda fós ann maidir le seirbhísí fánaíochta sonraí mórdhíola~~.

---

↓544/2009 aithris 45 (oiriúnaithe)
⇨nua

(56) ~~Ina theannta sin,~~ ~~t~~Tá muirir mhórdhíola arda fós ann, go príomha de bharr na bpraghsanna mórdhíola arda a mhuirearaíonn oibreoirí líonraí nach líonraí tosaíochta iad. Is srianta ar stiúradh tráchta is cúis leis na muirir sin, rud a fhágann nach bhfuil dreasacht ar bith ann d'oibreoirí a gcuid praghsanna mórdhíola a laghdú go haontaobhach toisc go bhfaighfear an trácht gan spleáchas don phraghas a mhuirearaítear. Is é an toradh atá air sin ná éagsúlacht an-mhór sna costais mhórdhíola. I roinnt cásanna, tá na praghsanna fánaíochta sonraí mórdhíola is infheidhme ar líonraí nach líonraí tosaíochta iad ~~30 uair~~ ⌦ 6 huaire ⌫ níos airde ná na praghsanna a chuirtear i bhfeidhm ar an líonra tosaíochta. Is é a leanann as na

muirir mhórdhíola iomarcacha seo ar sheirbhísí fánaíochta sonraí ná saobhadh mór ar dhálaí iomaíochta idir oibreoirí líonraí soghluaiste laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, rud a bhaineann an bonn ó fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Cuireann siad srian freisin ar chumas na soláthraithe baile a gcuid costas mórdhíola a thuar agus, dá bhrí sin, pacáistí praghsanna miondíola atá iomaíoch agus trédhearcach a sholáthar dá gcustaiméirí. I bhfianaise na srianta ar chumas na n-údarás rialála náisiúnta chun déileáil go héifeachtach leis na fadhbanna seo ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart go mbeadh teorainn ar phraghsanna mórdhíola i bhfeidhm i leith seirbhísí fánaíochta sonraí. ~~Ba cheart an teorainn ar phraghsanna mórdhíola a shocrú ar leibhéal coimirce cuid mhaith os cionn na bpraghsanna mórdhíola is ísle atá ar fáil sa mhargadh faoi láthair, chun dálaí iomaíochta a fheabhsú agus chun forbairt a dhéanamh ar threocht iomaíochta sa mhargadh agus, ag an am céanna, chun feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh chun tairbhe na dtomhaltóirí a áirithiú. Trí dheireadh a chur le muirir iomarcacha mórdhíola fánaíochta sonraí atá ann fós i gcásanna áirithe sa mhargadh, ba cheart go ndéanfadh an leibhéal coimirce seo, le linn thréimhse feidhme Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, cosc a chur ar theacht chun cinn aon saofa nó srianta ar an iomaíocht idir oibreoirí soghluaiste.~~ ⇨Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí rialaitheacha a chur i bhfeidhm i leith seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte ar an leibhéal mórdhíola, chun gaolmhaireacht níos réasúnaí a bhunú idir na muirir mhórdhíola agus costais bhunúsacha an tsoláthair, agus ar an leibhéal miondíola chun leasanna na gcustaiméirí fánaíochta a chosaint. ⇦

---

🡻544/2009 aithris 39 (oiriúnaithe)

(57) Níor cheart go ngearrfadh soláthraithe ~~baile~~ ⌦ seirbhísí fánaíochta ⌫ muirear ar an gcustaiméir fánaíochta i dtaca le haon seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte, mura rud é go nglacann an custaiméir le soláthar na seirbhíse agus go dtí go ndéanann sé amhlaidh.

---

🡻544/2009 aithris 3 (oiriúnaithe)
⇨nua

(58) ~~Ina theannta sin, chinn an Coimisiún gur~~ ⌦ Ba ⌫ cheart raon feidhme ~~Rialachán (CE) Uimh. 717/2007~~ ⌦ an Rialacháin seo ⌫ a leathnú chun soláthar seirbhísí fánaíochta ~~SMS agus~~ sonraí ⇨ miondíola ⇦ laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ a chumhdach. Maidir leis na saintréithe speisialta a ghabhann leis na margaí fánaíochta idirnáisiúnta, ar saintréithe iad a thug údar maith le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a ghlacadh agus le hoibleagáidí a fhorchur ar oibreoirí líonraí soghluaiste i ndáil le guthghlaonna fánaíochta ⌦ agus teachtaireachtaí SMS ⌫ ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, baineann siad freisin le seirbhísí fánaíochta ~~SMS agus~~ sonraí ⇨ miondíola ⇦ a sholáthar ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫. Dála mar is amhlaidh i gcás seirbhísí fánaíochta guthghlaonna ⌦ agus SMS ⌫, ní cheannaítear seirbhísí fánaíochta ~~SMS agus~~ sonraí go neamhspleách ar leibhéal náisiúnta ach is cuid amháin iad de phacáiste miondíola níos leithne a cheannaíonn custaiméirí óna soláthraí baile, agus ar an tslí sin cuirtear srian ar an iomaíocht. Mar an gcéanna, mar gheall ar chineál trasteorann na seirbhísí lena mbaineann, níl na húdaráis rialála náisiúnta atá freagrach as leasanna na gcustaiméirí seirbhísí teileafón soghluaiste atá ina gcónaí laistigh dá gcríoch a choimirciú agus a chur chun cinn in ann iompraíocht oibreoirí an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, agus atá lonnaithe i mBallstáit eile, a rialú.

⇩nua

(59) Fearacht na mbeart rialála atá i ngníomh cheana maidir le guthsheirbhísí agus le seirbhísí SMS, is é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar sheirbhísí fánaíochta sonraí uile-Aontais ar an leibhéal miondíola ar feadh idirthréimhse ná ceanglas a thabhairt isteach d'oibreoirí na líonraí soghluaiste chun taraif shealadach Eorashonraí a thairiscint dá gcuid custaiméirí fánaíochta ar taraif í nach dtéann thar uasteorainn shonraithe praghais. Ba cheart an taraif Eorashonraí a shocrú ar leibhéal coimirce, lena n-áirithítear cosaint tomhaltóirí go dtí go mbeidh éifeacht leis an réiteach struchtúrach, agus lena ráthaítear corrlach dóthanach do na hoibreoirí agus fós gur léiriú níos réasúnaí é ar na costais bhunúsacha mhiondíola.

(60) Dá bhrí sin, ba cheart go léireodh an taraif shealadach Eorashonraí a fhéadfar a thairiscint do chustaiméirí fánaíochta corrlach réasúnach thar na costais a bhaineann le seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar, agus ag an am céanna saoirse a thabhairt d'oibreoirí chun iomaíocht a dhéanamh trí idirdhealú a dhéanamh idir a gcuid tairiscintí agus trína struchtúir praghsála a chur in oiriúint do dhálaí an mhargaidh agus do na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí. Ba chóir teorainn choimirce den sórt sin a shocrú ag leibhéil nach ndéanann saobhadh ar na sochair iomaíochta a thig as réitigh struchtúracha agus d'fhéadfaí iad a bhaint a luaithe a bheadh deis ag na réitigh struchtúracha sochair nithiúla a sholáthar do chustaiméirí. Cosúil leis an gcur chuige atá in úsáid maidir le seirbhísí fánaíochta guthghlaonna agus SMS, ba chóir, i bhfianaise na laghduithe dá bhforáiltear leis na costais bhunúsacha maidir le soláthar seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola, go dtiocfadh laghdú de réir a chéile ar na muirir rialáilte uasta ar an taraif shealadach Eorashonraí.

(61) Ba cheart go mbeadh feidhm uathoibríoch ag taraif Eorashonraí maidir le haon chustaiméir nua fánaíochta nó maidir le haon chustaiméir láithreach fánaíochta nach ndearna nó nach ndéanann taraif fánaíochta sonraí speisialta nó pacáiste de sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a roghnú d'aon ghnó.

(62) Is ar bhonn ráta in aghaidh an chilibhirt ba chóir an taraif shealadach Eorashonraí a bhilleáil, lena áirithiú go n-íocfaidh tomhaltóirí as na seirbhísí sonraí sin a thomhlaíonn siad agus mar gheall ar an bhfadhb a tugadh faoi deara maidir le guthsheirbhísí nuair a tugadh isteach Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, is é sin muirir cheilte a bhí ann ar an tomhaltóir de bharr na sásraí muirearaithe a bhí á gcur i bhfeidhm ag oibreoirí. Tá an méid sin i gcomhréir leis an sásra muirearaithe atá i bhfeidhm cheana ar an leibhéal mórdhíola.

---

🡻717/2007 aithris 29 (oiriúnaithe)

(63) Féadfaidh soláthraithe baile cothromráta míosúil, uilechuimsitheach, cóir a thairiscint nach mbeidh feidhm ag teorainneacha muirir ar bith maidir ⌦ leis ⌫ ~~leo.~~, ~~D'fhéadfadh an cothromráta sin guthsheirbhísí~~ ⌦ agus a d'fhéadfadh na seirbhísí ⌫ fánaíochta ⌦ uile ⌫ ~~agus/nó seirbhísí cumarsáide sonraí fánaíochta~~ ar fud an ~~Chomhphobail (lena n-áirítear Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí (SMS) agus Seirbhís Teachtaireachtaí Ilmheán (MMS))~~ ⌦ Aontais ⌫ a chlúdach ~~laistigh den Chomhphobal~~.

↓717/2007 aithris 30 (oiriúnaithe)

(64) Lena áirithiú go bhféadfaidh gach úsáideoir guth-theileafónaíochta soghluaiste tairbhe a bhaint as forálacha an Rialacháin seo ba chóir go mbeadh feidhm ag na ceanglais ⌦ shealadacha ⌫ phraghsála ~~mhiondóla~~ ⌦ mhiondíola ⌫ is cuma an conradh réamhíoctha nó iar-íoctha a bheidh ag na custaiméirí fánaíochta lena soláthraí baile, agus beag beann ar cibé an mbíonn a líonra féin ag an soláthraí baile, an oibreoir líonra fíorúil teileafón soghluaiste é nó an athdhíoltóir seirbhísí guth-theileafónaíochta soghluaiste é.

⇩nua

(65) D'fhonn a áirithiú nach ndéanfar oibleagáidí rialaitheacha i leith muirear mórdhíola agus miondíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí a choimeád níos faide ná mar is gá tráth a mbeidh na réitigh struchtúracha i ngníomh go hiomlán agus a mbeidh a dóthain forbartha tagtha ar an iomaíocht sa mhargadh fánaíochta, ba cheart coinníollacha a shocrú maidir le neamhfheidhmiú na muirear mórdhíola agus miondíola uasta roimh na spriocanna atá foráilte. Ba cheart coinníollacha den sórt sin a bhunú ar dhifríocht shuntasach idir na teorainneacha praghsanna agus leibhéil iarbhír praghsanna. Meastar go mbeidh difríocht shuntasach bainte amach má tá praghsanna san Aontas cothrom le 75 % den teorainn praghsanna ar an meán. I gcás teorainneacha praghsanna mórdhíola, bunófar an critéar 75 % ar an éagothromaíocht tráchta idir oibreoirí nach bhfuil sa ghrúpa céanna. Ar mhaithe le saobhadh a shrianadh idir Bhallstáit, déanfar an critéar 75 % maidir le teorainneacha praghsanna miondíola a ríomh trí na meáin náisiúnta a mheánú ar leibhéal an Aontais maidir le gach seirbhís fánaíochta ar leithligh (guthsheirbhísí, SMS nó sonraí).

↓717/2007 aithris 31 (oiriúnaithe)

(66) Más rud é gur léir do sholáthraithe seirbhísí teileafónaíochta soghluaiste ⌦ an Aontais ⌫ go bhfuil sochair na hidir-inoibritheachta agus na lúdrachta ceann go ceann dá gcustaiméirí i gcontúirt de bharr deireadh a chur lena socruithe fánaíochta le hoibreoirí líonra teileafón soghluaiste i mBallstáit eile, nó mar gheall ar an mbaol go gcuirfí deireadh leis na socruithe sin, nó nach bhfuil ar a gcumas seirbhísí a sholáthar dá gcustaiméirí i mBallstát eile mar thoradh ar easpa comhaontaithe le soláthraí líonra mórdhíola amháin ar a laghad, ba chóir do na húdaráis rialaitheacha náisiúnta leas a bhaint, nuair is gá, as na cumhachtaí faoi Airteagal 5 de Threoir na Rochtana chun rochtain leordhóthanach agus idirnascadh leordhóthanach a áirithiú d'fhonn lúdracht ceann go ceann agus idir-inoibritheacht na seirbhísí sin a áirithiú, ag cur cuspóirí Airteagal 8 de Threoir an Chreata san áireamh, go háirithe margadh aonair lánfheidhmithe a chruthú i gcomhair seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

↓717/2007 aithris 32 (oiriúnaithe)
⇨nua

(67) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht na bpraghsanna miondíola ar ghlaonna fánaíochta rialáilte a dhéanamh agus a fháil laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ agus chun cabhrú le custaiméirí fánaíochta cinntí a dhéanamh maidir le húsáid a gcuid teileafón soghluaiste agus iad ar an gcoigríoch, ba chóir do sholáthraithe seirbhísí teileafónaíochta soghluaiste a chur ar chumas a gcuid custaiméirí faisnéis saor in aisce

ar na muirir fánaíochta is infheidhme maidir leo a fháil go héasca nuair a bhíonn guthghlaonna á ndéanamh nó á bhfáil acu i mBallstát a dtugann siad cuairt air. Thairis sin, ba chóir do sholáthraithe faisnéis bhreise a thabhairt dá gcustaiméirí, arna iarraidh sin dóibh agus saor in aisce, faoi na muirir in aghaidh an nóiméid nó in aghaidh an aonaid (CBL san áireamh) ar ghuthghlaonna a dhéanamh nó a fháil agus freisin ar SMS, MMS agus seirbhísí cumarsáide sonraí eile a sheoladh agus a fháil sa Bhallstát a dtugtar cuairt air. ⇨ Ós rud é go bhféadfadh grúpaí áirithe custaiméirí a bheith go mór ar an eolas faoi tháillí fánaíochta, ba chóir d'oibreoirí deis a thabhairt diúltú go héasca don tseirbhís teachtaireachta uathoibríoch sin. ⇦

---

🡻717/2007 aithris 33
⇨nua

(68) Éilíonn an trédhearcacht freisin go dtabharfadh soláthraithe faisnéis ar mhuirir fánaíochta go háirithe ar an Eoratharaif agus ar an gcothromráta uilechuimsitheach, má bhíonn ceann á thairiscint acu, nuair a bhíonn síntiús á shocrú agus gach uair a mbíonn athrú ar na muirir fánaíochta. Ba chóir do sholáthraithe baile faisnéis a sholáthar ar mhuirir fánaíochta trí mheáin iomchuí amhail sonraisc, an t-idirlíon, fógráin teilifíse nó post díreach. Ba chóir do sholáthraithe baile a chinntiú go mbeidh na custaiméirí fánaíochta go léir ar an eolas faoi fháil a bheith ar tharaifí rialáilte ⇨ don tréimhse lena mbaineann ⇦ agus ba chóir dóibh cumarsáid shoiléir agus neamhchlaon a sheoladh chuig na custaiméirí sin ina mbeidh tuairisc ar choinníollacha na hEoratharaife agus an ceart athrú chuig an Eoratharaif nó imeacht uaithi.

---

🡻544/2009 aithris 40 (oiriúnaithe)

(69) ⌦ Thairis sin, ⌫ ~~B~~ba cheart bearta a thabhairt isteach~~, áfach,~~ chun trédhearcacht a fheabhsú maidir le praghsanna miondíola ar sheirbhísí fánaíochta sonraí, go háirithe chun deireadh a chur le fadhb na mbillí an-ard a thagann gan choinne agus atá mar bhac ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus chun na huirlisí atá ag teastáil ó chustaiméirí fánaíochta chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a sholáthar dóibh. Ar an mbonn céanna, níor cheart go mbeadh aon bhacainní ar theacht chun cinn feidhmchlár nó teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh teacht in ionad na seirbhísí fánaíochta, nó a d'fhéadfaí a úsáid mar rogha ar na seirbhísí sin, amhail seirbhísí WiFi~~, Prótacal Idirlín don Ghuthú (VoIP) agus Teachtaireachtaí Meandracha~~. Ba cheart an fhaisnéis seo a sholáthar do na tomhaltóirí, rud a ligfeadh dóibh rogha eolasach a dhéanamh.

---

🡻544/2009 aithris 41

(70) Go háirithe, ba cheart d'oibreoirí líonraí soghluaiste faisnéis taraife phearsantaithe a sholáthar dá gcuid custaiméirí fánaíochta faoi na muirir is infheidhme maidir leis na custaiméirí sin as seirbhísí fánaíochta sonraí gach uair a gcuireann siad tús le seirbhís fánaíochta sonraí ar dhul isteach i mBallstát eile dóibh. Ba cheart an fhaisnéis sin a sheachadadh ar a dteileafón soghluaiste nó ar ghléas soghluaiste eile dá gcuid ar an tslí is fearr a oireann i dtaca leis an bhfaisnéis a ghlacadh agus a thuiscint go héasca.

↓544/2009 aithris 42

(71) Chun tuiscint na gcustaiméirí a éascú maidir leis na hiarmhairtí airgeadais a ghabhann le seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a úsáid agus ionas go bhféadfaidh siad faireachán agus rialú a dhéanamh ar a gcaiteachas, ba cheart don soláthraí baile samplaí a thabhairt i ndáil le feidhmchláir fánaíochta sonraí, amhail ríomhphost, pictiúir agus brabhsáil líonra, trí léiriú a thabhairt ar a neasmhéid i dtéarmaí a bhaineann le húsáid sonraí.

↓544/2009 aithris 43

(72) De bhreis air sin, chun billí an-ard a thagann gan choinne a sheachaint, ba cheart d'oibreoirí líonraí teileafón soghluaiste uasteorainn airgeadais amháin nó níos mó agus/nó uasteorainn toirte amháin nó níos mó a shainiú a bheidh le cur i bhfeidhm ar na muirir atá fós amuigh maidir le seirbhís fánaíochta sonraí, arna sloinneadh san airgeadra ina gcuirtear bille chuig an gcustaiméir fánaíochta, agus ar cheart dóibh a thairiscint saor in aisce dá gcuid custaiméirí fánaíochta go léir, mar aon le fógra iomchuí nuair atáthar ag tarraingt ar an teorainn sin. Ar an uasteorainn sin a bhaint amach, níor cheart go mbeadh na seirbhísí sin á bhfáil a thuilleadh ag custaiméirí agus níor cheart go ngearrfaí muirear ar chustaiméirí as na seirbhísí sin mura rud é go n-iarrann siad go sonrach go leanfar de na seirbhísí sin a sholáthar i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach san fhógra. Ba cheart go dtabharfaí an deis do chustaiméirí fánaíochta aon cheann de na huasteorainneacha airgeadais sin nó de na huasteorainneacha toirte sin a roghnú laistigh de thréimhse réasúnach nó an rogha a bheith aige nó aici gan teorainn den sórt sin a bheith ann. Mura rud é go luann custaiméirí a mhalairt, ba cheart iad a chur ar chóras teorann réamhshocraithe.

↓544/2009 aithris 44

(73) Ba cheart go nglacfaí leis na bearta trédhearcachta seo mar na coimircí íosta do chustaiméirí fánaíochta, agus níor cheart go gcuirfidís cosc ar oibreoirí líonraí teileafón soghluaiste maidir le raon saoráidí eile a thairiscint dá gcuid custaiméirí ar saoráidí iad a chabhraíonn leo a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a thuar agus a rialú. Mar shampla, tá cuid mhór oibreoirí ag forbairt tairiscintí fánaíochta miondíola nua ar chothromráta trína gceadaítear fánaíocht sonraí a dhéanamh thar thréimhse shonraithe ar phraghas sonraithe suas go teorainn toirte 'úsáid chóir'. Ar an mbealach céanna, tá oibreoirí ag forbairt córas lena chur ar chumas a gcustaiméirí fánaíochta faisnéis cothrom le dáta a fháil ar bhonn fíor-ama faoi na muirir fánaíochta sonraí atá fós amuigh orthu agus atá carnaithe go dtí sin acu. Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart na forbairtí seo ar na margaí baile a léiriú sna rialacha comhchuibhithe.

⇩nua

(74) Ó tháinig na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 i bhfeidhm, áfach, tá sé tugtha faoi deara gur lú dóchúlachta go bhfaighidh custaiméirí faoi tharaifí réamhíoctha billí an-ard gan choinne as seirbhísí fánaíochta sonraí a úsáid, ós rud é go bhfuil an méid creidmheasa atá ar fáil roghnaithe roimh ré. Ina theannta sin, i ngeall ar an taraif shealadach Eorashonraí ina bhfuil rátaí rialáilte do mhuirir fánaíochta sonraí, bainfidh na tomhaltóirí sin leas freisin as cosaint bhreise in aghaidh praghsanna arda ar

na seirbhísí sin. Ar na cúiseanna sin, níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha a bhaineann le teorainn scoite maidir le custaiméirí faoi chonarthaí réamhíoctha.

---

↓717/2007 aithris 34 (oiriúnaithe)

(75) Ba chóir go mbeadh na cumhachtaí is gá chun na hoibleagáidí faoin ~~Rialacháin~~ ⌦ Rialachán ⌫ seo a mhaoirsiú agus a fhorghníomhú laistigh dá gcríoch ag na húdaráis rialaitheacha náisiúnta atá freagrach as tascanna a dhéanamh faoi chreat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach. Ba chóir dóibh monatóireacht a dhéanamh freisin ar fhorbairtí i bpraghsáil guthsheirbhísí agus seirbhísí sonraí do chustaiméirí teileafón soghluaiste agus fánaíocht á déanamh acu ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, lena n-áirítear, i gcás inar iomchuí, na costais shonracha a bhaineann le glaonna fánaíochta a dhéantar agus a fhaightear sna réigiúin is forimeallaí den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ agus ar an ngá atá lena áirithiú gur féidir na costais sin a aisghabháil go leordhóthanach ar an margadh mórdhíola, agus nach mbíonn teicnící stiúrtha tráchta in úsáid chun rogha a shrianadh chun aimhleasa na gcustaiméirí. Ba chóir dóibh a áirithiú go gcuirfear faisnéis chothrom le dáta faoi fheidhmiú an Rialacháin seo ar fáil do na páirtithe leasmhara agus go bhfoilseofar torthaí na monatóireachta sin gach sé mhí. Ba chóir faisnéis ar leith a sholáthar ar chustaiméirí corparáideacha, custaiméirí iar-íoctha agus custaiméirí réamhíoctha.

---

↓717/2007 aithris 35 (oiriúnaithe)

(76) Maidir le fánaíocht intíre sna réigiúin is forimeallaí den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, áit a mbíonn na ceadúnais teileafónaíochta soghluaiste éagsúil leis na ceadúnais a eisítear i ndáil leis an gcuid eile den chríoch náisiúnta, d'fhéadfadh sí leas a bhaint as laghduithe ar an ráta a bheadh comhionann leis na laghduithe sin a dhéantar i margadh fánaíochta an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ . Níor chóir go gcruthódh feidhmiú an Rialacháin seo cóir phraghsála lena mbainfeadh níos lú fabhair do chustaiméirí a bheadh ag úsáid seirbhísí fánaíochta intíre le hais custaiméirí a bheadh ag úsáid seirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ . Chun na críche sin, féadfaidh na húdaráis náisiúnta bearta breise a ghlacadh a bheidh i gcomhréir le dlí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ .

---

↓717/2007 aithris 36

~~Ós rud é, chomh maith le guth-theileafónaíocht, go bhfuil forás ag teacht ar sheirbhísí cumarsáide sonraí teileafón soghluaiste, ba chóir go bhféadfaí, leis an Rialachán seo, monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh sna seirbhísí sin freisin. Ba chóir don Choimisiún, dá bhrí sin, monatóireacht a dhéanamh ar an margadh i gcomhair seirbhísí cumarsáide sonraí fánaíochta, lena n-áirítear SMS agus MMS.~~

---

↓717/2007 aithris 37

(77) Ba chóir do Bhallstáit foráil a dhéanamh do chóras pionós a chuirfear i bhfeidhm i gcás go sárófar an Rialachán seo.

🡻717/2007 aithris 38 (oiriúnaithe)
⇨nua

(78) Maidir le cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon cur chuige comhchoiteann a bhunú lena áirithiú nach n-íocfaidh úsáideoirí líonraí poiblí teileafón soghluaiste, agus iad ag taisteal laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, praghsanna iomarcacha ar sheirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ ~~nuair a dhéanfaidh siad nó nuair a gheobhaidh siad guthghlaonna~~, ar an dóigh sin ag baint ardleibhéil chosanta tomhaltóirí amach ~~agus~~ ⇨ trí ⇦ iomaíocht idir oibreoirí teileafón soghluaiste ~~á cosaint~~ ⇨ a fheabhsú ⇦, ó tharla nach féidir leis na Ballstáit iad a bhaint amach go dóthanach ar dhóigh chinnte, chomhchuibhithe agus thráthúil agus gur fearr dá bhrí sin is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, féadfaidh an ~~Comhphobal~~ ⌦ tAontas ⌫ bearta a ghlacadh de réir phrionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ⌦ ar an Aontas Eorpach ⌫ . I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

⇩nua

(79) Ba cheart oibleagáidí rialaitheacha i leith muirear mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí a choimeád i bhfeidhm go dtí go mbeidh éifeacht leis na réitigh struchtúracha agus go dtí go mbeidh a dóthain forbartha tagtha ar iomaíocht sna margaí mórdhíola. Ina theannta sin, léiríonn treochtaí sa mhargadh faoi láthair gur seirbhísí sonraí a bheidh ar an gcuid is ábhartha de sheirbhísí soghluaiste de réir a chéile, agus gur léir gurb iad seirbhísí fánaíochta sonraí mórdhíola is dinimiciúla faoi láthair, a bhfuil praghsanna orthu pas maith faoi bhun na rátaí rialáilte reatha.

(80) Ba cheart teorainneacha coimirce miondíola a shocrú ag leibhéil atá ard go leor le nach ndéanfaidh siad saobhadh ar na sochair iomaíochta is féidir a fháil as réitigh struchtúracha agus d'fhéadfaí na teorainneacha sin a bhaint go hiomlán a luaithe a bheidh éifeacht leis na réitigh struchtúracha agus a luaithe a bheidh fíormhargadh aonair in ann forbairt. Ba cheart do na teorainneacha coimirce miondíola a bheith ag dul i laghad, dá bhrí sin, agus imeacht as ina dhiaidh sin.

🡻717/2007 aithris 39 (oiriúnaithe)

~~Ba chóir an cur chuige comhchoiteann sin a bhunú ar feadh tréimhse teoranta. Féadfar an Rialachán seo, i bhfianaise athbhreithnithe a dhéanfaidh an Coimisiún, a fhadú nó a leasú. Ba chóir don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Rialacháin seo agus ar an méid a chuireann sé le feidhmiú an chreata rialúcháin agus feidhmiú réidh an mhargaidh inmheánaigh agus chomh maith leis sin, scrúdú a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo ar sholáthraithe beaga teileafónaíochta soghluaiste sa Chomhphobal agus ar a seasamh siúd sa mhargadh fánaíochta ar fud an Chomhphobail,~~

🡻544/2009 aithris 49 (oiriúnaithe)

(81) I bhfianaise chuspóirí ~~Rialachán (CE) Uimh. 717/2007~~ ⌦ an Rialacháin seo ⌫, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar ⌦ a ⌫ éifeachtacht ~~an Rialacháin sin~~, ~~arna leasú leis an Rialachán seo,~~ agus ar an méid a chuireann sé le cur chun feidhme an chreata rialála agus le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an tionchar atá ar staid iomaíoch na soláthraithe cumarsáide soghluaiste, idir bheag agus mhór, agus ó chodanna éagsúla den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, ar na forbairtí, ar na treochtaí agus ar an trédhearcacht i dtaca le muirir mhiondíola agus mhórdhíola, ar an ngaolmhaireacht atá acu le costais iarbhír, ar a mhéid atá na toimhdí a rinneadh sa mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an Rialachán seo arna ndaingniú agus ar na costais a bhaineann le comhlíonadh ar thaobh oibreoirí agus ar an tionchar ar infheistíochtaí. Ba cheart don Choimisiún freisin, i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta, breithniú a dhéanamh i ndáil le hinfhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí atá ann mar rogha ar fhánaíocht (amhail ~~VoIP~~ ⌦ rochtain trí WIFI ⌫).

---

| |
|---|
| 🡻544/2009 aithris 50 (oiriúnaithe)<br>⇨nua |

(82) Sula ndéanfar an t-athbhreithniú thuasluaite, agus chun faireachán leanúnach ar na seirbhísí fánaíochta ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tuarascáil eatramhach a ullmhú ⇨ gach re bliain ⇦ do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ar tuarascáil í ina mbeidh achoimre ghinearálta ar na treochtaí is déanaí i seirbhísí fánaíochta mar aon le measúnú idirmheánach ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ~~Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, arna leasú leis an Rialachán seo,~~ ⌦ an Rialacháin seo ⌫ a bhaint amach agus ar na roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

---

| |
|---|
| 🡻 717/2007 |

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus Raon Feidhme**

---

| |
|---|
| 🡻544/2009 Airteagal 1.2(a)<br>(oiriúnaithe)<br>⇨nua |

1. Leis an Rialachán seo, tugtar isteach cur chuige coiteann chun a áirithiú nach n-íocfaidh úsáideoirí líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste ⌦ agus iad ag taisteal laistigh den Aontas ⌫ praghsanna iomarcacha, i gcomparáid leis na praghsanna náisiúnta iomaíocha, ar sheirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ le linn glaonna a dhéanamh agus a ghlacadh, le linn teachtaireachtaí SMS a sheoladh agus a ghlacadh agus le linn seirbhísí cumarsáide sonraí paicéadlasctha a úsáid agus, ar an tslí sin, cuirfear le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí á bhaint amach, cothófar iomaíocht agus trédhearcacht sa mhargadh agus déanfar dreasachtaí nuálaíochta agus roghanna do thomhaltóirí araon a thairiscint.

⇨ Leagtar síos ann rialacha lena ráthófar go ndéanfar seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh ó sheirbhísí baile cumarsáide soghluaiste mar aon leis na coinníollacha a bhaineann le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola a bheith ag líonraí poiblí teileafón soghluaiste le seirbhísí fánaíochta a sholáthar. ⇦ ~~Leis an Rialachán,~~ ~~l~~Leagtar síos ⌦ leis freisin ⌫ rialacha ⌦ sealadacha ⌫ ar na muirir a fhéadfaidh oibreoirí líonraí soghluaiste a mhuirearú chun

seirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a sholáthar i gcás guthghlaonna agus teachtaireachtaí SMS a thosaíonn agus a chríochnaíonn laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, agus i gcás seirbhísí cumarsáide sonraí paicéadlasctha a úsáideann custaiméirí fánaíochta agus iad ag fánaíocht ar líonra cumarsáide soghluaiste i mBallstát eile. Tá feidhm aige maidir leis na muirir a thoibhítear idir oibreoirí líonraí ar leibhéal mórdhíola agus~~, de réir mar is iomchuí,~~ maidir leis na muirir a ghearrann soláthraithe baile ar leibhéal miondíola.

---

↓717/2007 (oiriúnaithe)

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha atá dírithe ar chur leis an trédhearcacht ó thaobh praghsanna de agus ar an bhfaisnéis ar mhuirir a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí fánaíochta ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a fheabhsú.

---

↓ 717/2007

3. Is é atá sa Rialachán seo beart sainiúil de réir bhrí Airteagal 1(5) de Threoir an Chreata.

---

↓ 544/2009 Airteagal 1.2(b)
⇨ nua

4. Is i dtéarmaí Euro a dhéantar teorainneacha na muirear a leagtar amach sa Rialachán seo a shloinneadh. I gcás ina ndéantar muirir a thagann faoi réim Airteagail ~~3, 4, 4a agus 4b agus Airteagal 6a(3) agus (4)~~ 6, 7, 8, 9, ⇨ 11 agus 12 ⇦ a ainmniú in airgeadraí eile, déanfar na teorainneacha tosaigh de bhun na nAirteagal sin a chinneadh sna hairgeadraí sin~~, i gcás Airteagal 3 agus Airteagal 4, trí na rátaí malairte tagartha a bheidh i réim an 30 Meitheamh 2007 a chur i bhfeidhm agus, i gcás Airteagail 4a, 4b, 6a(3) agus 6a(4),~~ trí na rátaí malairte tagartha a fhoilseoidh an Banc Ceannais Eorpach an ~~6 Bealtaine 2009~~ ⇨ 30 Bealtaine 2012 ⇦ in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a chur i bhfeidhm.

Chun críocha na laghduithe a thiocfaidh ina dhiaidh sin ar na teorainneacha sin dá bhforáiltear in Airteagail ~~3~~6(2), ~~in Airteagal 4~~7(2) ~~agus in Airteagal 6a(4),~~ ⇨ , 8(1), 11(1) agus 12(2) ⇦ déanfar na luachanna athbhreithnithe a chinneadh trí na rátaí malairte tagartha a fhoilseofar amhlaidh aon mhí amháin roimh an dáta óna mbeidh feidhm ag na luachanna athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. ~~Cuirfear na rátaí malairte tagartha céanna i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh in aghaidh na bliana ar luach na muirear a thagann faoi réim Airteagal 4a, Airteagal 4b agus Airteagal 6a(3), i gcás ina n-ainmnítear na muirir sin in airgeadraí seachas an Euro.~~

---

↓ 717/2007

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de Threoir na Rochtana, in Airteagal 2 de Threoir an Chreata agus in Airteagal 2 den Treoir um Sheirbhís Uilíoch.

2. I dteannta na sainmhínithe dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “Eoratharaif” aon taraif nach dtéann thar an muirear uasta dá bhforáiltear in Airteagal ~~4~~7 agus a fhéadfaidh soláthraí baile a ghearradh chun glaonna fánaíochta rialáilte a chur ar fáil agus an tAirteagal sin á chomhlíonadh;

---

🡻 544/2009 Arteagal 1.3(a) (oiriúnaithe )
⇨ nua

(b) ciallaíonn “soláthraí baile” gnóthas a chuireann seirbhísí ⇨ fánaíochta uile-Aontais ⇦ ~~poiblí trastíre cumarsáide soghluaiste~~ ar fáil do chustaiméir ~~fánaíochta~~ trína líonra féin, nó trí oibreoir nó trí athdhíoltóir líonra fíorúil soghluaiste;

(c) ciallaíonn “líonra baile” líonra cumarsáide soghluaiste poiblí trastíre atá lonnaithe laistigh de Bhallstát agus a úsáideann soláthraí baile chun seirbhísí poiblí trastíre cumarsáide soghluaiste a sholáthar do chustaiméir fánaíochta;

---

🡻544/2009 Airteagal 1.3(a) (oiriúnaithe)

(d) ciallaíonn “fánaíocht a dhéanamh ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫” an úsáid a bhaineann custaiméir fánaíochta as teileafón soghluaiste nó gléas eile chun glaonna laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ a dhéanamh nó a fháil, chun teachtaireachtaí SMS a sheoladh nó a fháil, nó chun cumarsáidí sonraí paicéadlasctha a úsáid, fad is atá an custaiméir sin i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil a líonra baile lonnaithe, trí shocruithe idir oibreoir an líonra bhaile agus oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

(e) ciallaíonn “glao fánaíochta rialáilte” guthghlao cumarsáide soghluaiste a dhéanann custaiméir fánaíochta, a thosaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus a chríochnaíonn ar líonra poiblí cumarsáide ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ nó guthghlao a fhaigheann custaiméir fánaíochta a thosaíonn ar líonra poiblí cumarsáide ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ agus a chríochnaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

(f) ciallaíonn “custaiméir fánaíochta” custaiméir de chuid soláthraí seirbhísí cumarsáide soghluaiste poiblí trastíre, trí líonra poiblí trastíre soghluaiste atá lonnaithe ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, a gceadaíonn a chonradh nó a shocrú lena sholáthraí baile dó ~~teileafón~~ ⌦ gléas ⌫ soghluaiste ~~nó aon ghléas eile~~ a úsáid chun glaonna a dhéanamh nó a fháil, chun teachtaireachtaí SMS a sheoladh nó a fháil, nó cumarsáidí sonraí paicéadlasctha a úsáid, ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, trí shocruithe idir oibreoir an líonra bhaile agus oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

↓544/2009 Airteagal 1.3(a)

(g) ciallaíonn "líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air" líonra poiblí trastíre cumarsáide soghluaiste atá lonnaithe i mBallstát seachas Ballstát an líonra bhaile agus a cheadaíonn do chustaiméir fánaíochta glaonna a dhéanamh nó a fháil, teachtaireachtaí SMS a sheoladh nó a fháil nó cumarsáidí sonraí paicéadlasctha a úsáid, trí shocruithe le hoibreoir an líonra bhaile;'

↓544/2009 Airteagal 1.3(b)

(h) ciallaíonn "taraif Eora-SMS" aon taraif nach mó ná an muirear uasta dá bhforáiltear in Airteagal ~~4b~~9 agus a fhéadfaidh soláthraí baile a thobhach chun teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a sholáthar i gcomhréir leis an Airteagal sin;

(i) ciallaíonn "teachtaireacht SMS" teachtaireacht téacs Sheirbhís Gearrtheachtaireachtaí atá comhdhéanta go príomha de charachtair aibítreacha nó uimhriúla, ar teachtaireacht í is féidir a sheoladh idir uimhreacha líonra soghluaiste agus/nó uimhreacha líonra fosaithe a shanntar i gcomhréir le pleananna uimhrithe náisiúnta;

↓544/2009 Airteagal 1.3(b) (oiriúnaithe)

(j) ciallaíonn "teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte" teachtaireacht SMS a sheolann custaiméir fánaíochta agus a thosaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus a chríochnaíonn ar líonra cumarsáide poiblí laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ nó a fhaigheann custaiméir fánaíochta agus a thosaíonn ar líonra cumarsáide poiblí laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ agus a chríochnaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

↓544/2009 Airteagal 1.3(b)

(k) ciallaíonn "seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte" seirbhís fánaíochta trína gcuirtear ar chumas custaiméara fánaíochta cumarsáidí sonraí paicéadlasctha a úsáid trína theileafón soghluaiste nó trí ghléas soghluaiste eile nuair atá sé nasctha le líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Ní chuimsíonn seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte glaonna fánaíochta rialáilte nó teachtaireachtaí SMS a tharchur nó a fháil, ach cuimsíonn sí teachtaireachtaí MMS a tharchur agus a fháil~~.~~;

⇩nua

(l) ciallaíonn "taraif Eorashonraí" aon taraif nach mó ná an muirear uasta dá bhforáiltear in Airteagal 12 agus a fhéadfaidh soláthraí baile a thobhach chun seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar i gcomhréir leis an Airteagal sin;

(m) ciallaíonn "soláthraí fánaíochta malartach" soláthraí baile, atá éagsúil leis an oibreoir atá ag cur seirbhísí cumarsáide soghluaiste baile ar fáil, a chuireann seirbhísí fánaíochta ar fáil do chustaiméir fánaíochta trína líonra féin, nó trí oibreoir nó trí athdhíoltóir líonra fíorúil soghluaiste;

(n) ciallaíonn “rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola” saoráidí agus/nó seirbhísí a chur ar fáil do ghnóthas eile, faoi choinníollacha sainithe, le seirbhísí fánaíochta a sholáthar do chustaiméirí miondíola;

(o) ciallaíonn “próifíl fánaíochta an Aontais Eorpaigh (AE)” próifíl réamhshocraithe chun seirbhísí fánaíochta ar leithligh a sholáthar, próifíl a sholáthraítear sa bhreis ar phróifíl chun seirbhísí soghluaiste baile a sholáthar ar an gcárta SIM céanna.

*Airteagal 3*

**Rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola**

1. Déanfaidh oibreoirí na líonraí soghluaiste na hiarratais réasúnacha uile ar rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola a shásamh, lena n-áirítear na hiarratais sin ó oibreoirí nó ó athdhíoltóirí líonra fíorúil soghluaiste. Beidh feidhm maidir le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola a sholáthar ag na rialacha maidir leis na taraifí ar fhánaíocht mhórdhíola rialáilte a leagtar síos in Airteagail 6, 8 agus 11.

2. Cuimseoidh an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola an rochtain ar na heilimintí líonra agus ar shaoráidí gaolmhara, na seirbhísí ábhartha, agus na córais bhogearraí agus faisnéise ar fad, is gá chun seirbhísí fánaíochta a sholáthar do chustaiméirí.

3. Géillfear d'iarratas ar rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta a bhfaigheann an t-oibreoir líonra an t-iarratas.

4. D'fhonn cur chuige rialaitheach comhréireach a áirithiú i leith rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar, leagfaidh BEREC síos, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, treoirlínte maidir le coinníollacha rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar.

*Airteagal 4*

**Seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh**

1. Áiritheoidh soláthraithe baile go mbeidh rochtain ag a gcuid rannpháirtithe ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí aon soláthraí fánaíochta mhalartaigh idirnasctha.

2. Le héifeacht ón 1 Iúil 2014, cuirfidh soláthraithe baile a gcuid custaiméirí fánaíochta ar fad ar an eolas faoin deis díliostáil óna seirbhísí fánaíochta reatha agus seirbhísí fánaíochta ó sholáthraí fánaíochta malartach a roghnú. Tabharfar dhá mhí do na custaiméirí fánaíochta lena rogha a chur in iúl dá soláthraí baile. Beidh sé de cheart ag custaiméirí fánaíochta nach bhfuil a rogha curtha in iúl acu sa tréimhse sin soláthraí fánaíochta malartach a roghnú tráth ar bith, i gcomhréir le mír 3 agus mír 4.

3. Ní bheidh aon síntiús gaolmhar ná aon mhuirir sheasta nó athfhillteacha a d'fhéadfadh an soláthraí baile a ghearradh i gceist le custaiméir a roghnóidh soláthraí fánaíochta malartach agus féadfaidh sé aon phlean taraife miondíola is mian leis a roghnú.

4. Beidh aon athrú go dtí soláthraí fánaíochta malartach nó ó sholáthraí fánaíochta malartach saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta ann maidir le heilimintí eile den síntiús seachas fánaíocht, agus déanfar an t-athrú faoi cheann cúig lá oibre, cé is moite den chás ina bhfuil síntiús ag custaiméir fánaíochta le haghaidh pacáiste baile lena n-áirítear praghsanna fánaíochta seachas an Eoratharaif, taraif Eora-SMS nó taraif Eorashonraí, agus i gcás den sórt

sin féadfaidh an soláthraí baile an t-athrú ón seansíntiús go dtí an síntiús nua do sheirbhísí fánaíochta a chur ar athlá go ceann tréimhse sonraithe nach mairfidh níos faide ná trí mhí.

5. Tráth a ndéantar nó tráth a n-athnuaitear conradh ar sheirbhísí cumarsáide soghluaiste, tabharfaidh na soláthraithe baile an fhaisnéis iomlán faoin deis soláthraí fánaíochta malartach a roghnú do na custaiméirí go léir ar bhonn aonair agus éascóidh na soláthraithe baile conradh a thabhairt i gcrích le soláthraí fánaíochta malartach. Aon chustaiméirí a thabharfaidh conradh i gcrích i leith seirbhísí fánaíochta le soláthraí baile, dearbhóidh siad go sainráite gur cuireadh ar an eolas iad faoi dheis den sórt sin. Ní chuirfidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide soghluaiste bac ar mhiondíoltóirí fónamh mar phointí díolacháin dóibh le conarthaí a thairiscint i leith seirbhísí fánaíochta ar leithligh le soláthraithe fánaíochta malartacha.

6. Ní dhéanfaidh an soláthraí baile ná oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air saintréithe teicniúla na seirbhísí fánaíochta atá á soláthar ag soláthraí fánaíochta malartach a athrú ar shlí a d'fhágfadh go mbeadh siad éagsúil le saintréithe teicniúla, lena n-áirítear paraiméadair cháilíochta, na seirbhísí fánaíochta arna soláthar ag an oibreoir atá ag soláthar seirbhísí cumarsáide soghluaiste baile.

*Airteagal 5*

**Saoráid le seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh**

D'fhonn a áirithiú go bhforbrófar an margadh aonair, cuirfear na réitigh theicniúla don tsaoráid le seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh chun feidhme i gcomhthráth ar fud an Aontais.

Ar mhaithe le seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh, áiritheoidh oibreoirí go bhfuil saoráidí i ngníomh faoin 1 Iúil 2014 ar a dhéanaí, lena áirithiú gur féidir leis an gcustaiméir seirbhísí soghluaiste baile agus seirbhísí fánaíochta ar leithligh arna dtairiscint ag oibreoir fánaíochta malartach a úsáid gan a uimhir líonra soghluaiste a athrú. D'fhonn a áirithiú gur féidir seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh, féadfaidh oibreoirí, go háirithe, ligean don chustaiméir "próifíl fánaíochta AE" a úsáid ar an gcárta SIM céanna agus an teirminéal céanna a úsáid in éineacht le seirbhísí soghluaiste baile. Beidh an phraghsáil ar idirnascadh a bhaineann leis an tsaoráid sin a sholáthar dírithe ar chostas agus níor cheart aon mhuirir a ghearradh ar thomhaltóirí as an tsaoráid sin a úsáid.

Taobh istigh de thréimhse réasúnta nach mairfidh níos faide ná trí mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh, déanfaidh BEREC, tar éis dó dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, treoirlínte a leagan síos maidir le réitigh theicniúla chomhchuibhithe a bhaineann leis an tsaoráid le haghaidh seirbhísí fánaíochta ar leithligh agus maidir le nósanna imeachta comhchuibhithe chun an soláthraí seirbhísí fánaíochta a athrú. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ón BEREC, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse sin.

Féadfaidh an Coimisiún, más gá, sainordú a thabhairt don Chomhlacht Eorpach um Chaighdeánú na caighdeáin ábhartha a theastaíonn le go gcuirfear an tsaoráid chun feidhme go comhchuibhithe a oiriúnú.

717/2007 (oiriúnaithe)
nua

*Airteagal ~~3~~6*

**Muirir mhórdhíola chun glaonna fánaíochta rialáilte a dhéanamh**

1. Ní rachaidh an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a ghearradh ar ~~oibreoir líonra~~ sholáthraí baile an chustaiméara ~~fánaíochta~~ thar EUR ~~0,30~~ 0,14 in aghaidh an nóiméid ón 1 Iúil 2012, costais tosaithe, idirthurais agus críche inter alia san áireamh, chun glao fánaíochta rialáilte a thosaíonn ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air a chur ar fáil.

544/2009 Airteagal 1.4(a) (oiriúnaithe)
nua

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse dhá mhí dhéag nó thar aon tréimhse níos giorra ná sin a d'fhéadfadh a bheith fágtha roimh dheireadh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag meánmhuirear mórdhíola uasta dá bhforáiltear sa mhír seo nó sula rachaidh an Rialachán seo in éag. Laghdófar an meánmhuirear mórdhíola uasta go dtí ~~EUR 0,28 agus EUR 0,26 an 30 Lúnasa 2008 agus an 1 Iúil 2009, faoi seach, agus laghdófar tuilleadh é go dtí~~ EUR ~~0,22~~ 0,10 agus EUR ~~0,18~~ 0,06 an 1 Iúil ~~2010~~ 2013 agus an 1 Iúil ~~2011~~ 2014, faoi seach. Gan dochar d'Airteagal 13, beidh an meánmhuirear mórdhíola uasta cothrom le EUR 0,06 feadh ré an Rialacháin seo.

717/2007 (oiriúnaithe)

3. Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an teacht isteach iomlán a gheofar ó fhánaíocht mhórdhíola a roinnt ar líon iomlán na nóiméad fánaíochta mórdhíola a dhíolfaidh an t-oibreoir ábhartha thar an tréimhse atá i gceist chun glaonna fánaíochta mórdhíola a chur ar fáil ~~sa Chomhphobal~~ san Aontas. Beidh cead ag oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air idirdhealú a dhéanamh idir muirir bhuaice agus muirir sheachbhuaice.

544/2009 Airteagal 1.4(b) (oiriúnaithe)

~~Le héifeacht ón 1 Iúil 2009, áfach,~~ ~~d~~Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an ioncam iomlán a fhaightear ó fhánaíocht mhórdhíola a roinnt ar líon iomlán na nóiméad fánaíochta mórdhíola a úsáidtear iarbhír i ndáil le soláthar glaonna fánaíochta mórdhíola laistigh den ~~Chomhphobal~~ Aontas ag an oibreoir ábhartha sa tréimhse ábhartha, arna chomhiomlánú mar shuim in aghaidh an tsoicind arna coigeartú chun aird a thabhairt ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air tréimhse íosta tosaigh muirearaithe nach faide ná 30 soicind a chur i bhfeidhm.

↓ 717/2007

*Airteagal ~~4~~7*

**Muirir mhiondíola ar ghlaonna fánaíochta rialáilte**

1. Déanfaidh soláthraithe baile Eoratharaif, dá bhforáiltear i mír 2, a chur ar fáil agus a thairiscint go gníomhach dá gcustaiméirí fánaíochta go léir ar dhóigh shoiléir, thrédhearcach. Ní bheidh aon síntiús comhlachaithe ná muirir sheasta ná muirir athfhillteacha eile ag gabháil leis an Eoratharaif agus féadfar í a chomhcheangal le haon taraif mhiondíola.

Agus an tairiscint seo á déanamh ag soláthraithe baile, meabhróidh siad dá gcustaiméirí a raibh taraif fánaíochta shainiúil nó pacáiste fánaíochta sainiúil roghnaithe acu ~~roimh 30 Meitheamh 2007~~ na coinníollacha a bhaineann leis an taraif nó pacáiste sin.

↓544/2009 Airteagal 1.5(a)
⇨nua

2. Maidir leis an muirear miondíola Eoratharaife (gan CBL a áireamh) a fhéadfaidh soláthraí baile a thobhach ar a chustaiméir fánaíochta chun glao fánaíochta rialáilte a sholáthar, féadfar é a athrú i gcás aon ghlao fánaíochta ach ní rachaidh sé thar EUR ~~0,49~~ ⇨ 0,32 ⇦ in aghaidh an nóiméid d’aon ghlao a dhéantar nó thar EUR ~~0,24~~ ⇨ 0,11 ⇦ in aghaidh an nóiméid d’aon ghlao a fhaightear ⇨ ón 1 Iúil 2012 ar aghaidh ⇦ . Laghdóidh an praghas uasta, i gcás glaonna a dhéantar, go dtí EUR ~~0,46~~ ⇨ 0,28 ⇦ agus EUR ~~0,43~~ ⇨ 0,24 an 1 Iúil 2013 agus an 1 Iúil 2014 faoi seach ⇦ agus, i gcás glaonna a fhaightear, go dtí EUR ~~0,22 agus EUR 0,19 an 30 Lúnasa 2008 agus an 1 Iúil 2009, faoi seach. Laghdóidh an praghas uasta tuilleadh, i gcás glaonna a dhéantar, go dtí EUR 0,39 agus EUR 0,35 agus, i gcás glaonna a fhaightear, go dtí EUR 0,15 agus EUR 0,11~~ ⇨ 0,10 ⇦ an 1 Iúil ~~2010 agus an 1 Iúil 2011, faoi seach~~ ⇨ 2013 ⇦ . ⇨Gan dochar d'Airteagal 13 agus Airteagal 19, beidh na muirir mhiondíola uasta rialáilte ar Eoratharaif fós bailí go dtí an 30 Meitheamh 2016. ⇦

↓544/2009 Airteagal 1.5(a)
(oiriúnaithe )

~~Le feidhm ón 1 Iúil 2010,~~ ~~n~~Ní dhéanfaidh soláthraithe baile aon mhuirear a thobhach ar a gcuid custaiméirí fánaíochta as aon teachtaireacht ghlórphoist fánaíochta a fhaigheann siad. Beidh an fhoráil seo gan dochar d'aon mhuirir eile is infheidhme, amhail muirir chun éisteacht le teachtaireachtaí den sórt sin.

~~Le feidhm ón 1 Iúil 2009,~~ ~~d~~Déanfaidh gach soláthraí baile muirear a ghearradh ar a gcuid custaiméirí fánaíochta as aon ghlao fánaíochta rialáilte lena mbaineann Eoratharaif a sholáthar ar bhonn ráta in aghaidh an tsoicind, cibé acu a dhéantar nó a fhaightear é.

↓544/2009 Airteagal 1.5(a)

De mhaolú ar an tríú fomhír, féadfaidh an soláthraí baile tréimhse íosta muirir tosaigh nach mó ná 30 soicind maidir le glaonna a dhéantar agus a thagann faoi réim Eoratharaife.

↓ 717/2007

~~3. Déanfar taraif, mar a leagtar amach i mír 2, a thairiscint do gach custaiméir fánaíochta.~~

↓ 717/2007 (oiriúnaithe )

3. ~~Faoin 30 Iúil 2007~~ ~~t~~Tabharfar an deis do gach custaiméir fánaíochta atá ann cheana an Eoratharaif nó aon taraif fánaíochta eile a roghnú d'aonghnó, agus tabharfar tréimhse dhá mhí dóibh chun a rogha a chur in iúl dá soláthraí baile. Déanfar an taraif a iarrfar a chur i ngníomh tráth nach déanaí ná aon mhí amháin, ar a dhéanaí, tar éis don soláthraí baile iarratas an chustaiméara a fháil.

↓ 717/2007
⇨ nua

⇨Déanfaidh soláthraithe baile Eoratharaif a chur i bhfeidhm go huathoibríoch i leith gach custaiméara ⇦ ~~Déanfar go huathoibríoch an Eoratharaif mar a leagtar amach i mír 2 a chur ar fáil do chustaiméirí~~ fánaíochta ⇨ reatha ⇦ ~~nach mbeidh a rogha curtha in iúl acu laistigh den tréimhse dhá mhí sin.~~

↓717/2007 (oiriúnaithe)
⇨nua

~~Maidir le~~, ⌦ ach amháin i gcás ⌫ custaiméirí fánaíochta ⌦ den sórt sin ⌫ a ~~raibh~~ ⇨ bhfuil ⇦ rogha déanta d'aonghnó acu ~~roimh 30 Meitheamh 2007~~ do tharaif shonrach fánaíochta nó do phacáiste sonrach fánaíochta~~,~~ ~~seachas an taraif fánaíochta~~ ⌦ ar dá bhua nó dá bua a thairbhíonn siad as taraif dhifriúil ar ghlaonna fánaíochta rialáilte ná mar a thabharfaí ⌫ ~~a dtabharfaí~~ dóibh gan rogha den sórt a bheith ⌦ ann ⌫ ~~déanta acu,~~ ~~agus a mhainnigh rogha a chur in iúl mar a leagtar amach sa mhír seo, leanfaidh siad, áfach, leis an taraif nó leis an bpacáiste a bhí roghnaithe acu cheana~~.

⇩ nua

4. Cuirfidh soláthraithe baile Eoratharaif i bhfeidhm maidir leis na custaiméirí fánaíochta nua go léir nach bhfuil rogha déanta acu d'aonghnó taraif fánaíochta dhifriúil nó pacáiste taraife difriúil a roghnú do sheirbhísí fánaíochta lena n-áirítear taraif dhifriúil ar ghlaonna fánaíochta rialáilte.

↓544/2009 Airteagal 1.5(b)

5~~4~~. Féadfaidh aon chustaiméir fánaíochta a iarraidh~~, tráth ar bith tar éis an próiseas a leagtar amach i mír 3 a bheith curtha i gcrích,~~ go n-athrófaí go dtí Eoratharaif nó ó Eoratharaif é. Ní mór aon athrú a dhéanamh laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis an iarraidh a fháil agus ní mór é a dhéanamh saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta maidir le heilimintí eile den síntiús ag gabháil leis an athrú sin, ach amháin go bhféadfaidh an soláthraí baile, i gcás inar mian le custaiméir fánaíochta a bhfuil síntiús aige le haghaidh pacáiste fánaíochta speisialta a chuimsíonn níos mó ná seirbhís fánaíochta amháin eadhon guthghlaonna, SMS agus/nó sonraí athrú chuig Eoratharaif, a cheangal ar an gcustaiméir atá ag athrú na sochair a bhaineann leis na heilimintí eile den phacáiste sin a ligean uaidh. Féadfaidh soláthraí baile

moill a chur ar athrú go dtí go mbeidh an taraif fánaíochta a bhí ann roimhe sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse íosta sonraithe nach rachaidh thar thrí mhí.

---

| ⬇544/2009 Airteagal 1.6 (oiriúnaithe) ⇨nua |
|---|

*Airteagal ~~4a~~8*

**Muirir mhórdhíola ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte**

1. Le héifeacht ón 1 Iúil ~~2009~~ ⇨ 2012 ⇦ , ní bheidh an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar ~~oibreoir líonra~~ ⌦ sholáthraí ⌫ baile an chustaiméara ~~fánaíochta~~ chun teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a thosaíonn ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air níos mó ná EUR ~~0,04~~ ⇨ 0,03 ⇦ in aghaidh na teachtaireachta SMS. ⇨An 1 Iúil 2014, déanfar an meánmhuirear mórdhíola uasta chun teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a sholáthar a laghdú go dtí EUR 0,02. Gan dochar d'Airteagal 13, beidh an muirear mórdhíola rialáilte chun teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a sholáthar fós cothrom le EUR 0,02 feadh ré an Rialacháin seo. ⇦

---

| ⬇544/2009 Airteagal 1.6 |
|---|

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse dhá mhí dhéag nó thar aon tréimhse níos giorra ná sin a bheidh fágtha sula rachaidh an Rialachán seo in éag.

---

| ⬇544/2009 Airteagal 1.6 (oiriúnaithe) |
|---|

3. Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an ioncam mórdhíola iomlán a fhaigheann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air ó gach oibreoir líonra baile as teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a thosú agus a tharchur laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ sa tréimhse ábhartha a roinnt ar líon iomlán na dteachtaireachtaí SMS den sórt sin a tosaíodh agus a tarchuireadh thar ceann oibreoir ábhartha an líonra baile laistigh den tréimhse sin.

---

| ⬇544/2009 Airteagal 1.6 ⇨nua |
|---|

4. Ní dhéanfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air aon mhuirear a thobhach ar oibreoir líonra baile an chustaiméara fánaíochta, ar leithligh ón muirear dá dtagraítear i mír 1, as teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a chríochnú, ar teachtaireacht í a seoladh chuig custaiméir fánaíochta agus é ag fánaíocht ar a líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air.

*Airteagal ~~4b~~9*

**Muirir mhiondíola ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte**

1. Déanfaidh soláthraithe baile taraif Eora-SMS, dá bhforáiltear i mír 2, a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí fánaíochta go léir ar shlí shoiléir thrédhearcach. Ní bheidh síntiús gaolmhar ar bith nó muirir sheasta nó athfhillteacha eile ag gabháil leis an taraif Eora-SMS agus féadfar í a chónascadh le haon taraif mhiondíola eile, ach sin faoi réir fhorálacha eile an Airteagail seo.

2. Le héifeacht ón 1 Iúil ~~2009~~ ⇨ 2012 ⇦ , maidir le muirearú miondíola tharaif Eora-SMS (gan CBL a áireamh) a fhéadfaidh soláthraí baile a thobhach ar a chustaiméir fánaíochta i ndáil le teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a sheolann an custaiméir fánaíochta sin, ~~agus~~ féadfar é a athrú i gcás aon teachtaireachta fánaíochta SMS ach ní rachaidh sé thar EUR ~~0,11~~ ⇨ 0,10 ⇦ . ⇨Gan dochar d'Airteagal 13 agus Airteagal 19, beidh an muirear miondíola uasta rialáilte ar tharaif Eora-SMS fós cothrom le EUR 0,10 go dtí an 30 Meitheamh 2016. ⇦

3. Ní dhéanfaidh soláthraithe baile aon mhuirear a thobhach ar a gcuid custaiméirí fánaíochta as teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a fhaigheann siad.

---

🡻544/2009 Airteagal 1.6 (oiriúnaithe )

4. ~~Ón 1 Iúil 2009 ar aghaidh,~~ ~~c~~Cuirfidh soláthraithe baile taraif Eora-SMS i bhfeidhm go huathoibríoch maidir leis na custaiméirí fánaíochta reatha go léir, seachas custaiméirí fánaíochta a mbeidh rogha déanta acu d'aon ghnó cheana féin glacadh le taraif fánaíochta nó pacáiste ar leith ar dá bhua a bhaineann siad tairbhe as taraif éagsúil le haghaidh teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte seachas an taraif a bheadh acu mura mbeadh an rogha sin déanta acu.

5. ~~Ón 1 Iúil 2009 ar aghaidh,~~ ~~c~~Cuirfidh na soláthraithe baile taraif Eora-SMS i bhfeidhm go huathoibríoch i gcás na gcustaiméirí fánaíochta nua go léir nach ndéanann rogha d'aon ghnó taraif fánaíochta SMS éagsúil nó pacáiste éagsúil taraife do sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn taraif éagsúil do theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a roghnú.

---

🡻544/2009 Airteagal 1.6

6. Féadfaidh aon chustaiméir fánaíochta a iarraidh go n-athrófaí go dtí taraif Eora-SMS nó ó tharaif Eora-SMS é ag tráth ar bith. Ní mór aon athrú a dhéanamh laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis an iarraidh a fháil agus déanfar an t-athrú saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta maidir le heilimintí eile den síntiús ag gabháil leis an athrú sin seachas fánaíocht. Féadfaidh soláthraí baile moill a chur ar athrú den sórt sin go dtí go mbeidh an taraif fánaíochta a bhí ann roimhe sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse íosta shonraithe nach rachaidh thar thrí mhí. Féadfar taraif Eora-SMS a chónascadh le hEoratharaif i gcónaí.

~~7. Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2009, tabharfaidh soláthraithe baile scéala dá gcuid custaiméirí fánaíochta go léir faoin taraif Eora-SMS, á rá go mbeidh feidhm aige ón 1 Iúil 2009 ar a dhéanaí maidir le gach custaiméir fánaíochta nach bhfuil rogha déanta acu d'aon ghnó glacadh le taraif nó pacáiste speisialta is infheidhme maidir le teachtaireachtaí SMS rialáilte, agus go bhfuil sé de cheart acu athrú chuig an taraif Eora-SMS agus uaithi i gcomhréir le mír 6.~~

*Airteagal ~~4c~~10*

**Saintréithe teicniúla na dteachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte**

Ní dhéanfaidh aon soláthraí baile ná aon oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air saintréithe teicniúla theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a athrú ar shlí a d’fhágfadh go mbeadh siad éagsúil le saintréithe teicniúla theachtaireachtaí SMS a chuirtear ar fáil laistigh dá mhargadh baile.

---

⇩nua

*Airteagal 11*

**Muirir mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte**

1. Le héifeacht ón 1 Iúil 2012, maidir leis an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar sholáthraí baile an chustaiméara fánaíochta chun seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air, ní rachaidh sé thar theorainn choimirce EUR 0,30, EUR 0,20 ón 1 Iúil 2013 agus EUR 0,10 ón 1 Iúil 2014 in aghaidh an mheigibhirt de shonraí a tharchuirtear. Gan dochar d'Airteagal 13, beidh an meánmhuirear mórdhíola uasta chun seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar fós cothrom le EUR 0,10 in aghaidh an mheigibhirt de shonraí a tharchuirtear feadh ré an Rialacháin seo.

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse dhá mhí dhéag nó thar aon tréimhse níos giorra ná sin a bheidh fágtha sula rachaidh an Rialachán seo in éag.

3. Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an ioncam mórdhíola iomlán a fhaigheann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air ó gach soláthraí seirbhísí fánaíochta as seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar sa tréimhse ábhartha a roinnt ar líon iomlán na meigibheart sonraí a úsáidtear iarbhír trí na seirbhísí sin a sholáthar laistigh den tréimhse sin, arna gcomhiomlánú ar bhonn ráta in aghaidh an chilibhirt.

*Airteagal 12*

**Muirir mhiondíola ar sheirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte**

1. Déanfaidh soláthraithe fánaíochta taraif Eorashonraí, dá bhforáiltear i mír 2, a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí fánaíochta go léir ar shlí shoiléir thrédhearcach. Ní bheidh síntiús gaolmhar ar bith nó muirir sheasta nó athfhillteacha eile ag gabháil leis an taraif Eorashonraí sin agus féadfar í a chónascadh le haon taraif mhiondíola eile.

Agus an tairiscint seo á déanamh ag soláthraithe baile, meabhróidh siad dá gcustaiméirí a raibh taraif fánaíochta shainiúil nó pacáiste fánaíochta sainiúil roghnaithe acu roimh an 30 Meitheamh 2012 na coinníollacha a bhaineann leis an taraif nó pacáiste sin.

2. Le héifeacht ón 1 Iúil 2012, maidir le muirearú miondíola tharaif Eorashonraí (gan CBL a áireamh) a fhéadfaidh soláthraí baile a thobhach ar a chustaiméir fánaíochta i ndáil le sonraí fánaíochta rialáilte a sholáthar, ní rachaidh sé thar EUR 0,90 in aghaidh an mheigibhirt. Laghdóidh an praghas uasta ar shonraí go dtí EUR 0,70 agus EUR 0,50, in aghaidh an mheigibhirt a úsáidtear, an 1 Iúil 2013 agus an 1 Iúil 2014 faoi seach. Gan dochar d'Airteagal 13 agus Airteagal 19, beidh an muirear miondíola uasta rialáilte fós cothrom le EUR 0,50 in aghaidh an mheigibhirt a úsáidtear go dtí an 30 Meitheamh 2016.

Gearrfaidh gach soláthraí fánaíochta muirear ar a chustaiméirí fánaíochta as aon seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte a bhfuil taraif Eorashonraí i bhfeidhm maidir leis a sholáthar ar bhonn ráta in aghaidh an chilibhirt.

3. Ón 1 Iúil 2012 ar aghaidh, cuirfidh soláthraithe baile taraif Eorashonraí i bhfeidhm go huathoibríoch maidir leis na custaiméirí fánaíochta reatha go léir, seachas custaiméirí fánaíochta a mbeidh rogha déanta acu cheana féin glacadh le taraif fánaíochta nó pacáiste ar leith ar dá bhua a bhaineann siad tairbhe as taraif éagsúil le haghaidh seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte seachas an taraif a bheadh acu mura mbeadh an rogha sin déanta acu.

4. Ón 1 Iúil 2012 ar aghaidh, cuirfidh soláthraithe baile taraif Eorashonraí i bhfeidhm maidir leis na custaiméirí fánaíochta nua go léir nach ndéanann rogha d'aon ghnó taraif fánaíochta sonraí éagsúil nó pacáiste éagsúil taraife a roghnú do sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn taraif éagsúil do sheirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte.

5. Féadfaidh aon chustaiméir fánaíochta a iarraidh go n-athrófaí go dtí taraif Eorashonraí nó ó tharaif Eorashonraí é tráth ar bith fad is a urramaítear coinníollacha an chonartha. Ní mór aon athrú a dhéanamh laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis an iarraidh a fháil agus déanfar an t-athrú saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta maidir le heilimintí eile den síntiús ag gabháil leis an athrú sin seachas fánaíocht. Féadfaidh soláthraí baile moill a chur ar athrú den sórt sin go dtí go mbeidh an taraif fánaíochta a bhí ann roimhe sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse íosta shonraithe nach rachaidh thar thrí mhí. Féadfar taraif Eorashonraí a chónascadh le taraif Eora-SMS agus le hEoratharaif i gcónaí.

6. Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2012, tabharfaidh soláthraithe baile scéala faoin taraif Eorashonraí do gach custaiméir fánaíochta faoi seach, á rá go mbeidh feidhm aige ón 1 Iúil 2012 ar a dhéanaí maidir le gach custaiméir fánaíochta nach bhfuil rogha déanta acu d'aon ghnó glacadh le taraif nó pacáiste speisialta is infheidhme maidir le seirbhísí sonraí rialáilte, agus go bhfuil sé de cheart acu athrú chuig an taraif Eorashonraí agus uaithi i gcomhréir le mír 5.

*Airteagal 13*

**Coinníollacha maidir le neamhfheidhmiú luath na muirear mórdhíola agus miondíola uasta**

1. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar fhorbairt iomaíochta sna margaí fánaíochta, baileoidh BEREC sonraí ar bhonn rialta faoi fhorbairt muirear miondíola agus mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí. Cuirfear fógra faoi na sonraí sin chuig an gCoimisiún faoi dhó sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún iad a chur ar fáil go poiblí.

2. Más rud é, tar éis an 30 Meitheamh 2018, maidir le meánmhuirear mórdhíola ar cheann de na seirbhísí fánaíochta (guthghlaonna, SMS nó sonraí) i gcás éagothromaíochta tráchta idir oibreoirí nach bhfuil sa ghrúpa céanna, go laghdaíonn sé go dtí 75% nó níos ísle de na muirir mhórdhíola uasta dá bhforáiltear in Airteagail 6(2), 8(1) agus 11(1), ní bheidh feidhm a thuilleadh ag na muirir mhórdhíola uasta ar an tseirbhís fánaíochta lena mbaineann. Déanfaidh an Coimisiún é a fhíorú ar bhonn rialta, bunaithe ar na sonraí margaidh arna mbailiú ag BEREC, ar comhlíonadh an coinníoll sin agus, i gcás inar comhlíonadh é, déanfaidh sé na sonraí lena gcruthaítear nach bhfuil feidhm a thuilleadh i leith na seirbhíse lena mbaineann ag na muirir mhórdhíola uasta a fhoilsiú gan mhoill i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

3. Más rud é, tar éis chur chun feidhme an díola ar leithligh seirbhísí fánaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5 agus roimh an 1 Iúil 2016, go laghdaíonn an meánmhuirear miondíola ar leibhéal an Aontais go dtí 75% nó níos ísle de na muirir mhiondíola uasta dá bhforáiltear in Airteagail 7(2), 9(2) agus 12(2), ní bheidh feidhm a thuilleadh ag na muirir mhiondíola uasta ar na seirbhísí fánaíochta sin. Déanfaidh an Coimisiún é a fhíorú ar bhonn rialta, bunaithe ar na sonraí margaidh arna mbailiú ag BEREC, ar comhlíonadh an coinníoll sin agus, i gcás inar comhlíonadh é, déanfaidh sé na sonraí lena gcruthaítear nach bhfuil feidhm a thuilleadh i leith na seirbhíse lena mbaineann ag na muirir mhiondhíola uasta a fhoilsiú gan mhoill i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

4. Scoirfidh na muirir uasta ábhartha d'fheidhm a bheith acu ón gcéad lá den mhí a leanann foilsiú na sonraí lena gcruthaítear gur comhlíonadh na coinníollacha i mír 2 nó mír 3 faoi seach.

---

| |
|---|
| ➔544/2009 Airteagal 1.8<br>⇨nua |

*Airteagal ~~6~~14*

**Trédhearcacht na muirear miondíola ar ghlaonna fánaíochta agus ar theachtaireachtaí SMS rialáilte**

1. Chun foláireamh a thabhairt do chustaiméir fánaíochta go mbeidh muirir fánaíochta á ngearradh air nuair a bheidh glao á dhéanamh nó á fháil aige, nó nuair a bheidh teachtaireacht SMS á sheoladh aige, déanfaidh gach soláthraí baile, ach amháin i gcás ina mbeidh fógra tugtha ag an gcustaiméir dá sholáthraí baile nach mbeidh an tseirbhís sin ag teastáil uaidh, faisnéis bhunúsach phearsantaithe praghsála maidir leis na muirir fánaíochta (agus CBL a áireamh) a mbeidh feidhm acu maidir le déanamh agus fáil glaonna agus maidir le seoladh teachtaireachtaí SMS ag an gcustaiméir sin sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air a sholáthar don chustaiméir go huathoibríoch, gan aon mhoill mhíchuí agus saor in aisce, trí Sheirbhís Teachtaireachta nuair a rachaidh sé isteach i mBallstát nach é Ballstát a líonra baile é.

Cuimseoidh an fhaisnéis bhunúsach phearsantaithe praghsála sin na muirir uasta a bhféadfadh an custaiméir a bheith faoina réir faoina scéim taraife maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) glaonna a dhéanamh laistigh den tír a bhfuil cuairt á tabhairt uirthi agus glaonna a dhéanamh ar ais chuig Ballstát a líonra baile, chomh maith leis na muirir uasta ar ghlaonna a gheofar; agus

(b) teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a sheoladh le linn dó a bheith sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air.

Cuimseofar inti freisin an uimhir shaor in aisce dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh faisnéis níos mionsonraithe a fháil mar aon le faisnéis ar an bhféidearthacht maidir le rochtain a fháil saor in aisce ar na seirbhísí éigeandála tríd an uimhir éigeandála Eorpach 112, a dhiailiú.

⇨Tráth a bhfaigheann custaiméir teachtaireacht, beidh an deis aige fógra a thabhairt don soláthraí baile, saor in aisce agus ar shlí éasca, lena thabhairt le fios nach bhfuil an tSeirbhís Teachtaireachta uathoibríoch ag teastáil uaidh. ⇦ Beidh sé de cheart ag custaiméir a mbeidh

fógra tugtha aige nach mbeidh an tSeirbhís Teachtaireachta uathoibríoch ag teastáil uaidh a cheangal ar an soláthraí baile, tráth ar bith agus saor in aisce, an tseirbhís a sholáthar arís.

Déanfaidh soláthraithe baile an fhaisnéis bhunúsach phearsantaithe praghsála sin a sholáthar go huathoibríoch do chustaiméirí dalla nó do chustaiméirí atá faoi mhíchumas radhairc, trí ghuthghlao, saor in aisce, má iarrann siad amhlaidh.

---

↓544/2009 Airteagal 1.8 (oiriúnaithe)
⇨nua

2. De bhreis ar mhír 1, beidh de cheart ag custaiméirí faisnéis phearsantaithe níos mionsonraithe faoi phraghsáil ar na muirir fánaíochta a mbeidh feidhm acu sa líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air maidir le guthghlaonna, SMS, MMS agus seirbhísí cumarsáide sonraí eile, chomh maith le faisnéis faoi na bearta trédhearcachta a bhfuil feidhm acu de bhun an Rialacháin seo, a iarraidh agus a fháil, cibé áit ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ ina bhfuil siad, saor in aisce, trí ghuthghlao soghluaiste nó trí SMS. Déanfar iarraidh den sórt sin chuig uimhir shaor in aisce a cheapfaidh an soláthraí baile chun na críche sin. ⇨Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí dá bhforáiltear i mír 1 maidir le gléasanna de chineál meaisín le meaisín (M2M) a úsáideann cumarsáid shoghluaiste. ⇦

3. Tabharfaidh soláthraithe baile an fhaisnéis iomlán do na húsáideoirí go léir faoi na muirir fánaíochta a bheidh i bhfeidhm, go háirithe faoin Eoratharaif, ~~agus~~ faoin taraif Eora-SMS ⇨ agus faoin taraif Eorashonraí ⇦ , an tráth a mbeidh síntiúis á socrú. Soláthróidh siad faisnéis uasdátaithe dá gcuid custaiméirí fánaíochta freisin maidir le muirir fánaíochta is infheidhme gan aon mhoill mhíchuí gach uair a tharlaíonn athrú ar na muirir sin.

Déanfaidh soláthraithe baile na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh a gcuid custaiméirí fánaíochta go léir ar an eolas faoin Eoratharaif, ~~agus~~ faoin taraif Eora-SMS ⇨ agus faoin taraif Eorashonraí ⇦ a bheith ar fáil. Déanfaidh siad, go háirithe, na coinníollacha a bhaineann leis an Eoratharaif, ~~a chur in iúl do na custaiméirí fánaíochta go léir faoin 30 Iúil 2007 agus~~, na coinníollacha a bhaineann leis an taraif Eora-SMS ⇨ agus, faoin 30 Meitheamh 2012, na coinníollacha a bhaineann leis an taraif Eorashonraí mar a shainítear in Airteagal 12 ⇦ a chur in iúl do na custaiméirí fánaíochta go léir ~~faoin 30 Meitheamh 2009~~, agus soláthrófar an fhaisnéis sin ar shlí shoiléir neamhchlaon i ngach cás. Seolfaidh siad meabhrúchán ag eatraimh réasúnacha ina dhiaidh sin chuig na custaiméirí go léir a roghnaigh taraif eile.

↓544/2009 Airteagal 1.9 (oiriúnaithe)

*Airteagal ~~6a~~15*

**Sásraí trédhearcachta agus coimirce maidir le seirbhísí fánaíochta sonraí ~~rialáilte~~ ⌦ miondíola ⌫**

↓544/2009 Airteagal 1.9
⇨nua

1. Áiritheoidh soláthraithe baile, sula ndéanfar conradh agus ina dhiaidh sin, go gcoinneofar a gcuid custaiméirí fánaíochta ar an eolas ar shlí leordhóthanach faoi na muirir a ghabhann leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte, agus tabharfar an t-eolas sin ar bhealaí a éascaíonn tuiscint na gcustaiméirí ar na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann le húsáid den sórt sin agus a chuirfidh ar a gcumas faireachán a dhéanamh ar a gcaiteachas ar sheirbhís fánaíochta sonraí rialáilte, agus an caiteachas sin a rialú, i gcomhréir le mír 2 agus mír 3. ⇨Ní bheidh feidhm ag na sásraí coimire dá dtagraítear i mír 3 maidir le custaiméirí réamhíoctha. ⇦

I gcás inarb iomchuí, déanfaidh soláthraithe baile a gcuid custaiméirí a chur ar an eolas, sula ndéanfar conradh agus ar bhonn tráthrialta dá éis sin, faoin riosca a bhaineann le cónascadh fánaíochta sonraí agus le híoslódáil fánaíochta sonraí a dhéantar go huathoibríoch agus nach ndéantar rialú ina leith. Ina theannta sin, míneoidh soláthraithe baile dá gcuid custaiméirí, ar shlí shoiléir atá intuigthe go héasca, conas na cónaisc fánaíochta sonraí uathoibríocha sin a mhúchadh chun úsáid neamhrialaithe seirbhísí fánaíochta sonraí a sheachaint.

↓544/2009 Airteagal 1.9 (oiriúnaithe )

2. ~~Ón 1 Iúil 2009 ar a dhéanaí,~~ ~~c~~Cuirfidh teachtaireacht uathoibríoch ón soláthraí baile in iúl don chustaiméir fánaíochta go bhfuil sé ag fánaíocht agus soláthrófar faisnéis bhunúsach phearsantaithe taraife faoi na muirir is infheidhme as seirbhísí fánaíochta sonraí a sholáthar don chustaiméir fánaíochta sin sa Bhallstát lena mbaineann, ach amháin i gcás go mbeidh fógra tugtha ag an gcustaiméir dá sholáthraí baile nach bhfuil an fhaisnéis sin ag teastáil uaidh.

↓544/2009 Airteagal 1.9

Déanfar an fhaisnéis bhunúsach phearsantaithe taraife sin a sheachadadh ar theileafón soghluaiste nó ar ghléas eile an chustaiméara fánaíochta, mar shampla le teachtaireacht SMS, le ríomhphost nó le fuinneog aníos ar an ríomhaire, gach uair a théann custaiméir fánaíochta isteach i mBallstát seachas Ballstát a líonra baile agus a chuireann sé tús den chéad uair le seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte sa Bhallstát áirithe sin. Soláthrófar an fhaisnéis sin saor in aisce a luaithe a chuireann an custaiméir fánaíochta tús le seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte, ar mhodh iomchuí arna oiriúnú chun go mbeidh sé éasca í a fháil agus a thuiscint.

Beidh sé de cheart ag custaiméir a mbeidh fógra tugtha aige dá sholáthraí baile nach mbeidh an fhaisnéis taraife uathoibríoch ag teastáil uaidh a cheangal ar an soláthraí baile, ag tráth ar bith agus saor in aisce, an tseirbhís sin a sholáthar arís.

---

↓544/2009 Airteagal 1.9 (oiriúnaithe )

3. ~~Faoin 1 Márta 2010,~~ ~~t~~Tabharfaidh gach soláthraí baile an deis dá chuid custaiméirí fánaíochta go léir chun an rogha a dhéanamh d'aon ghnó, agus saor in aisce, glacadh le saoráid a thugann faisnéis faoin úsáid charnaithe arna sloinneadh de réir toirte nó san airgeadra ina ndéantar an custaiméir fánaíochta a bhilleáil i leith seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte agus ar saoráid í trína ráthaítear nach dtarlóidh sé, gan toiliú sainráite ón gcustaiméir, go rachaidh an caiteachas carnaithe i gcomhair seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte laistigh de thréimhse shonraithe úsáide thar theorainn shonraithe airgeadais.

---

↓544/2009 Airteagal 1.9

Chun na críche sin, déanfaidh an soláthraí baile teorainn airgeadais uasta amháin nó níos mó le haghaidh tréimhsí úsáide sonraithe a chur ar fáil, ar choinníoll go gcuirtear na méideanna comhfhreagracha toirte in iúl don chustaiméir roimh ré. Beidh ceann de na teorainneacha sin (an teorainn airgeadais réamhshocraithe) gar do EUR 50 de mhuirir gan íoc in aghaidh na tréimhse billeála míosúla (gan CBL a áireamh), ach ní bheidh sé níos mó ná an tsuim sin.

Mar mhalairt air sin, féadfaidh an soláthraí baile teorainneacha arna sloinneadh de réir toirte a bhunú, ar choinníoll go gcuirtear na méideanna airgeadais comhfhreagracha in iúl don chustaiméir roimh ré. Beidh luach airgeadais comhfhreagrach ag ceann de na teorainneacha sin (an teorainn toirte réamhshocraithe) ar luach é nach mó ná EUR 50 de mhuirir gan íoc in aghaidh na tréimhse billeála míosúla (gan CBL a áireamh).

Chomh maith leis sin, féadfaidh an soláthraí baile teorainneacha eile a thairiscint dá chuid custaiméirí fánaíochta ar teorainneacha iad lena ngabhann uasteorainneacha éagsúla airgeadais míosúla, is é sin le rá, teorainneacha níos airde nó teorainneacha níos ísle.

---

↓544/2009 Airteagal 1.9 (oiriúnaithe )

~~Faoin 1 Iúil 2010,~~ ~~b~~Beidh an teorainn réamhshocraithe a luaitear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír infheidhme i leith na gcustaiméirí go léir nach mbeidh teorainn eile roghnaithe acu.

---

↓544/2009 Airteagal 1.9

Áiritheoidh gach soláthraí baile freisin go seolfar fógra iomchuí chuig teileafón soghluaiste nó gléas eile an chustaiméara fánaíochta, mar shampla le teachtaireacht SMS, le ríomhphost nó trí fhuinneog aníos ar an ríomhaire, nuair a shroichfidh na seirbhísí fánaíochta sonraí 80 % den teorainn airgeadais nó den teorainn toirte atá comhaontaithe. Beidh sé de cheart ag na custaiméirí a cheangal ar a gcuid oibreoirí stopadh d'fhógraí den sórt sin a sheoladh chucu agus beidh sé de cheart acu, ag aon tráth agus saor in aisce, a cheangal ar an soláthraí baile an tseirbhís sin a sholáthar arís.

Más rud é, ar shlí eile, go rachfar thar an teorainn airgeadais nó thar an teorainn toirte sin, déanfar fógra a sheoladh chuig teileafón soghluaiste nó gléas eile an chustaiméara fánaíochta. Léireoidh an fógra sin an nós imeachta atá le leanúint más mian leis an gcustaiméir go leanfar de sholáthar na seirbhísí sin agus an costas a bhaineann le gach aonad breise a úsáidfear. Mura bhfreagróidh an custaiméir fánaíochta de réir mar a iarrtar san fhógra a fhaightear, stopfaidh an soláthraí baile láithreach de sheirbhís fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar don chustaiméir fánaíochta, agus de mhuirear a ghearradh i leith na seirbhísí sin, mura rud é, agus go dtí go n-iarrann an custaiméir fánaíochta go leanfar ar aghaidh le soláthar na seirbhísí sin nó go ndéanfar soláthar na seirbhísí sin a athnuachan.

---

| ⬇544/2009 Airteagal 1.9 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Ón 1 Samhain 2010 amach, a~~Aon uair a iarrann custaiméir fánaíochta saoráid lena ngabhann 'teorainn airgeadais nó teorainn toirte' a ghlacadh, nó deireadh a chur le saoráid den sórt sin, ní mór an t-athrú a dhéanamh laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis an iarraidh a fháil agus ní mór é a bheith saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta ann maidir le heilimintí eile den síntiús.

~~4. Le héifeacht ón 1 Iúil 2009:~~

---

| ⬇544/2009 Airteagal 1.9 |
|---|

~~— (a) maidir leis an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar oibreoir líonra baile an chustaiméara fánaíochta chun seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air, ní rachaidh sé thar theorainn choimirce EUR 1,00 an 1 Iúil 2009, EUR 0,80 an 1 Iúil 2010 agus EUR 0,50 an 1 Iúil 2011 in aghaidh an mheigibhirt de shonraí a tharchuirtear. Ní leanfaidh aon saobhadh ná srianadh ar iomaíocht sa mhargadh fánaíochta sonraí mórdhíola as cur i bhfeidhm na teorann coimirce seo, i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(b) den Treoir Chreata;~~

~~(b) beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola sin idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse dhá mhí dhéag nó thar aon tréimhse níos giorra ná sin a d'fhéadfadh a bheith fágtha sula rachaidh an Rialachán seo in éag;~~

~~— (c) déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh tríd an ioncam mórdhíola iomlán a fhaigheann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air ó gach oibreoir líonra baile as seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar sa tréimhse ábhartha a roinnt ar líon iomlán na meigibheart sonraí a úsáidtear iarbhír trí na seirbhísí sin a sholáthar laistigh den tréimhse sin, arna gcomhiomlánú ar bhonn ráta in aghaidh an chilibhirt.~~

↓ 717/2007

*Airteagal ~~7~~16*

**Maoirseacht agus forghníomhú**

1. Déanfaidh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta monatóireacht agus maoirseacht ar chomhlíonadh an Rialacháin seo laistigh dá gcríoch.

↓544/2009 Airteagal 1.10(a)
⇨nua

2. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta faisnéis chothrom le dáta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe Airteagail ~~3~~6 go ~~, 4~~7, ~~4a~~8, ~~4b~~9, ⇨ 11 ⇦ agus ~~6a~~ ⇨ 12 ⇦ , a chur ar fáil go poiblí ar shlí ina gcuirtear ar chumas páirtithe leasmhara rochtain éasca a bheith acu uirthi.

↓ 717/2007

3. Déanfaidh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta, agus iad ag ullmhú don athbhreithniú dá bhforáiltear in Airteagal 11, monatóireacht ar fhorbairtí i muirir mhórdhíola agus i muirir mhiondíola ar sholáthar seirbhísí guthchumarsáide agus cumarsáide sonraí, lena n-áirítear SMS agus MMS, do chustaiméirí fánaíochta, agus na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal ~~299(2)~~ 349 den Chonradh san áireamh. Beidh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta san airdeall freisin ar chás ar leith na fánaíochta éadoilteanaí sna réigiúin teorann de chuid Ballstát comharsanach agus déanfaidh siad monatóireacht cibé an mbeidh teicnící stiúrtha tráchta in úsáid a bheidh míbhuntáisteach do chustaiméirí. Cuirfidh siad torthaí na monatóireachta sin in iúl don Choimisiún, lena n-áirítear faisnéis ar leithligh ar chustaiméirí corparáideacha, custaiméirí iar-íoctha agus custaiméirí réamhíoctha, gach sé mhí.

4. Beidh de chumhacht ag na húdaráis rialaitheacha náisiúnta a éileamh ar ghnóthais a bheidh faoi réir oibleagáidí faoin Rialachán seo an fhaisnéis go léir is ábhartha d'fheidhmiú agus d'fhorghníomhú an Rialacháin seo a sholáthar. Cuirfidh na gnóthais sin an fhaisnéis sin ar fáil go pras arna iarraidh sin orthu agus laistigh de na scálaí ama agus de réir an leibhéil mhionsonraí a éileoidh an t-údarás rialaitheach náisiúnta.

↓544/2009 Airteagal 1.10(b)

5. Féadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta idirghabháil a dhéanamh ar a dtionscnamh féin chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Go háirithe, bainfidh siad úsáid, más gá, as na cumhachtaí faoi Airteagal 5 de Threoir na Rochtana chun rochtain agus idirnascadh leordhóthanach a áirithiú chun lúdracht ceann go ceann agus idirinoibritheacht na seirbhísí fánaíochta a ráthú, mar shampla nuair nach bhfuil rannpháirtithe in ann teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a mhalartú le rannpháirtithe líonra trastíre shoghluaiste i mBallstát eile ó tharla nach bhfuil comhaontú ann chun a chumasú na teachtaireachtaí sin a sheachadadh.

↓ 717/2007

6. I gcás inar léir d'údarás rialaitheach náisiúnta gur tharla sárú ar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, beidh de chumhacht aige a éileamh go gcuirfí stop láithreach leis an sárú sin.

*Airteagal ~~8~~17*

**Réiteach díospóide**

1. I gcás díospóide a bhaineann leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo idir ghnóthais a bheidh ag soláthar líonraí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí i mBallstát, beidh feidhm ag na nósanna imeachta um réiteach díospóide a leagtar síos in Airteagal 20 agus Airteagal 21 de Threoir an Chreata.

2. I gcás díospóide neamhréitithe ina mbíonn tomhaltóir nó críoch-úsáideoir i gceist agus a bhaineann le ceist a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar na nósanna imeachta um réiteach díospóide lasmuigh de chúirt a leagtar síos in Airteagal 34 den Treoir um Sheirbhís Uilíoch.

↓544/2009 Airteagal 1.11
⇨nua

*Airteagal ~~9~~18*

**Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis a bheidh infheidhme ar sháruithe ar an Rialachán seo agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra maidir leis na forálacha sin don Choimisiún ~~tráth nach déanaí ná an 30 Márta 2008, nó, i gcás na gceanglas breise arna dtabhairt isteach in Airteagal 3(2) agus (3), in Airteagal 4(2) agus (4) agus in Airteagail 4a, 4b, 6, 6a agus 7 le Rialachán (CE) Uimh. 544/2009[15],~~ tráth nach déanaí ná 30 Márta ~~2010~~ ⇨ 2012 ⇦ agus tabharfaidh siad fógra dó gan aon mhoill maidir le haon leasú iardain a dhéanann difear do na forálacha sin.

↓717/2007 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 10*~~

~~**Leasú ar Threoir 2002/21/CE (Treoir an Chreata)**~~

~~Cuirfear an mír seo a leanas le hAirteagal 1 de Threoir 2002/21/CE (Treoir an Chreata):~~

15 ~~IO L 167, 29 Meitheamh 2009, lch. 12~~

~~'5. Beidh an Treoir seo agus na Treoracha Sainiúla gan dochar d'aon bheart sainiúil arna ghlacadh i dtaca le rialáil fánaíochta idirnáisiúnta ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste sa Chomhphobal.'~~

---

| ↓544/2009 Airteagal 1.12<br>⇨nua |
|---|

*Airteagal ~~11~~19*

**Athbhreithniú**

1. Athbhreithneoidh an Coimisiún feidhmiú an Rialacháin seo agus, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, cuirfidh sé tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh ~~2011~~ ⇨ 2015 ⇦ . Déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe i dtaobh ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin seo nó nár baineadh. Le linn an méid sin a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

– na forbairtí ar mhuirir mhórdhíola agus ar mhuirir mhiondíola i gcomhair seirbhísí guthchumarsáide, cumarsáide SMS agus cumarsáide sonraí a sholáthar do chustaiméirí fánaíochta, agus an fhorbairt chomhfhreagrach ar sheirbhísí cumarsáide soghluaiste ar leibhéal baile sna Ballstáit, do chustaiméirí réamhíoctha agus do chustaiméirí iaríoctha ar leithligh, agus na forbairtí ar cháilíocht agus ar luas na seirbhísí sin~~,~~;

– infhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí lena n-áirítear iad sin atá mar mhalairt ar fhánaíocht (guthsheirbhísí, SMS agus sonraí), go háirithe i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha~~,~~;

– a mhéid a bheidh tairbhe bainte ag tomhaltóirí as fíor-laghduithe ar phraghas na seirbhísí fánaíochta nó ar shlite eile ó laghduithe ar na costais a ghabhann le soláthar na seirbhísí fánaíochta agus ón éagsúlacht taraifí agus táirgí atá ar fáil do thomhaltóirí a bhfuil pátrúin éagsúla glaonna acu~~,~~;

– an méid iomaíochta atá sa mhargadh miondíola agus sa mhargadh mórdhíola, go háirithe staid iomaíochta oibreoirí beaga, oibreoirí neamhspleácha nó oibreoirí atá díreach tar éis tosú, lena n-áirítear éifeachtaí comhaontuithe tráchtála ar an iomaíocht agus an méid idirnasctha idir oibreoirí~~,~~;

---

| ⇩nua |
|---|

- an méid inar chruthaigh na réitigh struchtúracha dá bhforáiltear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 torthaí maidir le hiomaíocht a fhorbairt sa mhargadh fánaíochta.

---

| ↓544/2009 Airteagal 1.12 |
|---|

~~Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar mhodhanna eile, seachas rialáil praghsanna, a d'fhéadfaí a úsáid chun margadh inmheánach iomaíoch a chruthú i gcomhair fánaíochta agus, le linn an méid sin a dhéanamh, beidh aird aige ar anailís arna déanamh go neamhspleách ag~~

~~comhlacht na rialtóirí eorpacha um chumarsáid leictreonach. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, déanfaidh an Coimisiún moltaí iomchuí.~~

---

⇩ nua

2. Má thaispeántar sa tuarascáil nach leor iad na bearta struchtúracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo chun iomaíocht sa mhargadh fánaíochta a chur chun cinn ar mhaithe le tomhaltóirí na hEorpa, cuirfidh an Coimisiún tograí iomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle chun tabhairt faoin gcás. Scrúdóidh an Coimisiún, go háirithe, an bhfuil sé riachtanach na bearta struchtúracha a oiriúnú nó síneadh ré a chur le haon cheann de na muirir mhiondíola uasta dá bhforáiltear in Airteagail 7, 9 agus 12.

---

🡻544/2009 Airteagal 1.12 (oiriúnaithe)
⇨nua

3. De bhreis air sin, déanfaidh an Coimisiún, ~~tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2010,~~ tuarascáil ~~eatramhach~~ a ~~ullmhú a bheidh le cur~~ ⌦ chur ⌫ faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ⌦ maidir le feidhmiú an Rialacháin gach re bliain i ndiaidh na tuarascála dá bhforáiltear i mír 1 ⌫ ~~,~~. ⌦ Cuimseofar sa ⌫ ~~ar~~ tuarascáil ~~í ina mbeidh~~ achoimre ar an bhfaireachán ar sholáthar seirbhísí fánaíochta ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ mar aon le measúnú ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, lena n-áirítear trí thagairt do na nithe dá dtagraítear i mír 1.

---

🡻 717/2007

*Airteagal ~~12~~20*

**Ceanglais fógartha**

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún ag tabhairt le fios cad iad na húdaráis rialaitheacha náisiúnta a bheidh freagrach as tascanna a dhéanamh faoin Rialachán seo.

---

🡻

Airteagal 21

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 717/2007.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

↓ 717/2007
➔1 544/2009 Airteagal 1.14
⇨nua

*Airteagal ~~13~~22*

**Teacht i bhfeidhm agus dul in éag**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh ➔1 ~~2012~~ ← ⇨ 2022 ⇦ .

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa [...]

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

↑

**IARSCRÍBHINN I**

**An Rialachán aisghairthe mar aon leis an leasú a rinneadh air**
(dá dtagraítear in Airteagal 22)

| | |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 171, 29.6.2007, lch. 32) |
| Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 167, 29.6.2009, lch. 12) |

## IARSCRÍBHINN II

### AN TÁBLA COMHGHAOIL

| Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2(1) | Airteagal 2(1) |
| Airteagal 2(2), an réamhrá | Airteagal 2(2), an réamhrá |
| Airteagal 2(2), pointe (a) go pointe (k) | Airteagal 2(2), pointe (a) go pointe (k) |
| - | Airteagal 2(2), pointe (l) go pointe (o) |
| - | Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5 |
| Airteagal 3(1) | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 3(2) | Airteagal 6(2) |
| Airteagal 3(3), an chéad fhomhír | - |
| Airteagal 3(3), an dara fomhír | Airteagal 6(3) |
| Airteagal 4(1) | Airteagal 7(1) |
| Airteagal 4(2) | Airteagal 7(2) |
| Airteagal 4(3), an chéad mhír | - |
| Airteagal 4(3), an dara mír | Airteagal 7(3) |
| Airteagal 4(4) | Airteagal 7(4) |
| Airteagal 4a | Airteagal 8 |
| Airteagal 4b | Airteagal 9 |
| Airteagal 4b(7) | - |
| Airteagal 4c | Airteagal 10 |
| - | Airteagal 11 |
| - | Airteagal 12 |
| - | Airteagal 13 |
| Airteagal 6 | Airteagal 14 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 6a | Airteagal 15 |
| Airteagal 6a(4) | - |
| Airteagal 7 | Airteagal 16 |
| Airteagal 8 | Airteagal 17 |
| Airteagal 9 | Airteagal 18 |
| Airteagal 10 | - |
| Airteagal 11(1), an réamhrá | Airteagal 19(1), an réamhrá |
| Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, an chéad fhleasc go dtí an ceathrú fleasc | Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, an chéad fhleasc go dtí an ceathrú fleasc |
| - | Airteagal 19(1), an cúigiú fleasc |
| Airteagal 11(1), an dara fomhír | - |
| Airteagal 11(2) | Airteagal 19(2) |
| Airteagal 12 | Airteagal 20 |
| - | Airteagal 21 |
| Airteagal 13 | Airteagal 22 |